# Gailearaí Ealaíne Crawford | Crawford Art Gallery



Crawford Art Gallery. *Recasting Canova* exhibition. Image: Jed Niezgoda

Gailearaí Ealaíne Crawford Recasting Canova: taispeántas. Íomhá: Jed Niezgoda

# Tuarascáil Bhliantúil 2023

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Gailearaí Ealaíne Crawford | Crawford Art Gallery

# Clár na nÁbhar


Tuarascáil an Chathaoirligh....................................4
Tuarascáil an Stiúrthóra..........................................6
Oibríochtaí...............................................................8
Taispeántais...........................................................20
Cláraitheoir............................................................30
Foghlaim & Fiosraigh..............................................48
Margaíocht.............................................................58
Cairde.....................................................................72
Caifé.......................................................................76
Ráitis Airgeadais.....................................................78




*View to Shandon*. Imprisean Ealaíonta. Grafton Architects

# Tuarascáil an Chathaoirligh

## Lean Gailearaí Ealaíne Crawford dá uaillmhianta a bhaint amach in 2023, agus é á shuíomh féin go daingean laistigh de chlann na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta.

Lean Gailearaí Ealaíne Crawford dá uaillmhianta a bhaint amach in 2023, agus é á shuíomh féin go daingean laistigh de chlann na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta.

Chuir an Gailearaí breis agus 22 thionscadal agus taispeántas ar fáil, agus chuimsigh siad sin téamaí leathana ábhartha amhail an corp, an fhéiniúlacht agus an caillteanas. Chothaíomar comhpháirtíochtaí nua agus comhpháirtíochtaí a bhí ann cheana le healaíontóirí agus le pobail, spreagamar lucht féachana nua le cuairt a thabhairt ar an nGailearaí agus am a chaitheamh ann agus chuireamar sin ar a gcumas dóibh.

Bhí fuadar go fóill faoinár dTionscadal Caipitil, claochlú "uair sa ghlúin" ar ár bhfoirgnimh. Fuaireamar cead pleanála le haghaidh na hathfhorbartha, agus chuireamar deireadh le céimeanna fairsinge mionsonraithe na ceardlainne dearaidh. Tá an mórthionscadal sin faoi stiúir Grafton Architects, é mar bhonn agus mar thaca ag todhchaí an Ghailearaí. Beidh sé ina chuidiú freisin, creidimid, le fás agus forbairt chathair Chorcaí agus na réigiún máguaird.

Lean an Gailearaí de bheith ag cur lena bhailiúchán in 2023. Áiríodh leis sin an chéad saothar de chuid Harry Clarke a cheannaíomar le 99 mbliana anuas, The Colloquy of Monos and Una, saothar diamhair ar léaráid i bhfoirm pláta daite atá i gceist a rinneadh le haghaidh eagrán 1923 de Tale of Mystery and Imagination le Edgar Allan Poe. Thacaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán leis an gceannachán seo ón gceant.

Ghlac an Gailearaí le mórthionscnaimh náisiúnta chun an Ghaeilge a chomhtháthú agus le haghaidh an gheilleagair oíche, agus chuir an dá thionscnamh sin le fás ár lucht féachana.

Táimid buíoch dár gcomhoibritheoirí go léir, lena n-áirítear Oifig na nOibreacha Poiblí, Fáilte Éireann, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, MTU Coláiste Ealaíne is Deartha Crawford, MTU Scoil Cheoil Chorcaí, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, BOO Chorcaí, Port Chorcaí, Comhlachas Tráchtála Chorcaí, Cumann Gnó Chorcaí, The Irish Examiner, RTÉ agus Comhairle Cathrach Chorcaí. Gabhaimid buíochas freisin leis na Forais Chultúrtha Náisiúnta eile agus leis na gailearaithe agus na bailiúcháin, idir phríobháideach agus phoiblí, as a mbímid ag fáil saothar ar iasacht agus a dtugaimid saothar ar iasacht dóibh.

Mar Chathaoirleach, cuirim mo bhuíochas ó chroí in iúl do Chairde Ghailearaí Ealaíne Crawford agus dár gCairde ar bunaitheoirí iad, as a ndílseacht, a dtacaíocht agus a n-abhcóideacht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár máthair-Roinn (Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin), an tAire Catherine Martin agus a cuid oifigeach as a dtiomantas domhain agus buan do Ghailearaí Ealaíne Crawford, rud atá le haithint go soiléir ar a dtacaíocht leanúnach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Stiúrthóir agus foireann an Ghailearaí as a ndíograis agus as a n-obair chrua, as a mbainistíocht chúramach ar an nGailearaí, agus as a dtóir uaillmhianach agus sciliúil ar ár bhfís dá thodhchaí. Agus gabhaim buíochas le mo chomhbhaill Boird agus le baill an Fhochoiste, a thugann a gcuid ama, saineolais agus tiomantais chomh fial sin chun cinnte a dhéanamh go mbeidh rath agus fás ar an nGailearaí.

**Rose McHugh**
Cathaoirleach
Gailearaí Ealaíne Crawford



Portráid John Allen den Chathaoirleach Rose McHugh

# Tuarascáil an Stiúrthóra

## Ba bhliain dhinimiciúil í 2023 sa Ghailearaí agus líon na gcuairteoirí ag filleadh ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Tá rath fós ar Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta na hÉireann agus téann siad i ngleic lena lucht éisteachta/ féachana éagsúil ar bhealaí fiúntacha.

Tríd an gcomhoibriú a dhéanann Gailearaí Ealaíne Crawford lena chomhghleacaithe náisiúnta agus áitiúla, bíonn sé de shíor ag samhlú deiseanna dár bpobail dul i ngleic leis an mbailiúchán, lenár n-ealaíontóirí, lenár bhfoirgnimh agus lenár gcláir.

Bhí an Máistirphlean Forbartha faoi stiúir Grafton Architects fós mar phríomhthosaíocht straitéiseach againn mar chuid de chlár caipitil Rialtas na hÉireann. I gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí, ghlacamar páirt iomlán sna ceardlanna pleanála dearaidh mionsonraithe chun cinnte a dhéanamh go gcuirimid le sonraíochtaí na todhchaí maidir le stóráil ealaíne, spásanna Foghlaim agus Fiosraigh, Gailearaithe breise chomh maith le timpeallachtaí níos fáiltiúla agus níos fáiltí dár gcuairteoirí agus dár bhfoireann. Tá an tionscadal ag imeacht go réidh trí chéimeanna an Chóid Caiteachais phoiblí agus beidh gá leis an nGailearaí a dhúnadh go déanach i 2024 chun tús a chur leis na hoibreacha caipitil ar an láithreán.

I gcomhthráth leis an bpleanáil forbartha caipitil, mar fhoireann, leanamar de Bhailiúchán iontach Crawford a fheabhsú agus a leathnú thar na céadta bliain. Fuaireamar 77 saothar ealaíne nua mar cheannacháin agus mar dheonacháin.

Is próiseas críochnúil é an próiseas ceannachán sin ina bhfaighimid saothair shuntasacha ó ealaíontóirí, próiseas a chinnteoidh go gcoinneofar na saothair sin i mbailiúchán inar féidir iad a chaomhnú, a chur ar taispeáint agus a chur ar fáil dár bpobail, dár gcoimeádaithe agus dár n-institiúidí amach anseo. Cuireann na saothar bhreise nua beocht sa chnuasach agus cruthaíonn siad comhráite nua thar na céadta bliain.



In 2023 fuarthas saothair shuntasacha trí cheant, Sean Keating 'The Window' agus Harry Clarke 'The Colloquy of Monos and Una', saothair eisceachtúla iad araon a chuireann lenár gcuid bailiúchán i dtaca le saothair na n-ealaíontóirí sin. Táimid an-bhuíoch den iliomad deontóirí saothar agus díobh siúd go léir a chabhraíonn linn saothair shuntasacha den sórt sin a fháil, go háirithe an tAire Catherine Martin agus an Roinn RCEGSM. Cuireadh tús le roinnt iasachtaí suntasacha Bailiúcháin in 2023 chuig an Acadamh Ibeirneach Ríoga, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Gailearaí Chathair Luimnigh i measc gailearaithe eile.

Lean ár dtaispeántais agus ár gCláir Foghlaim agus Fiosraigh de bheith ag iniúchadh saincheisteanna comhaimseartha agus ag díphacáil insintí trí shaothair agus próisis amharc-ealaíne. Bímid i gcónaí ag baint triail as na spásanna éagsúla sa Ghailearaí agus ag cur le tuiscint ár lucht féachana ar ár stair.



In 2023 arís, léirigh an fhoireann agus an fhoireann dheonach i nGailearaí Ealaíne Crawford tiomantas urghnách dár sainordú seirbhíse poiblí agus do mhisean ár n-eagraíochtaí.

Táimid buíoch dár gcairde dílse i nGailearaí Ealaíne Crawford agus is ábhar misnigh dúinn na freagraí ónár gcomhghleacaithe cultúrtha agus ónár lucht féachana.

Go háirithe, gabhaimid buíochas leis an Aire Catherine Martin agus leis an bhfoireann sa Roinn TCEGSM as a dtacaíocht agus a bhfreagrúlacht agus go háirithe gabhaimid buíochas lenár gcathaoirleach tiomanta Rose McHugh agus lenár mbaill Boird agus fochoiste a thugann fós idir dhúshláin agus spreagadh dúinn.

**Máire McCarthy**
Stiúrthóir
Gailearaí Ealaíne Crawford

Portráid Jed Niezgoda den Stiúrthóir Mary McCarthy

# Oibríochtaí

Máistirphlean Forbartha: I mí an Mhárta 2023, tugadh cead pleanála d'athfhorbairt uaillmhianach Ghailearaí Ealaíne Crawford. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin agus is foireann deartha idirdhisciplíneach a rinne é a dhearadh faoi stiúir Grafton Architects, a bhfuil duaiseanna buaite acu, agus tá sé á sheachadadh ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus Gailearaí Ealaíne Crawford.

Leis an tionscadal déanfar Crawford a leathnú agus a nuachóiriú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta músaeim, agus déanfar spásanna taispeántais nua agus saoráid Foghlaim agus Fiosraigh a sholáthar chun lucht féachana nua a mhealladh, chomh maith le gailearaí poiblí nua a sholáthróidh radhairc lánléargais ar chathair Chorcaí. Tabharfaidh an athfhorbairt aghaidh freisin ar dhúshláin sheanbhunaithe le creatlach an fhoirgnimh stairiúil, soláthrófar spásanna stórála a bheidh oiriúnach d'fheidhm an Bhailiúcháin Náisiúnta, agus cuirfear go mór le hinbhuanaitheacht an fhoirgnimh.

Is tionscadal suaitheanta é athfhorbairt Ghailearaí Ealaíne Crawford sa chlár infheistíochtaí faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, Tá an tionscadal ag imeacht go réidh trí chéimeanna an Chóid Caiteachais phoiblí agus beidh gá leis an nGailearaí a dhúnadh go déanach i 2024 chun tús a chur leis na hoibreacha caipitil ar an láithreán.

Tá na hoibreacha caipitil sin riachtanach chun cinnte a dhéanamh gur féidir le Gailearaí Ealaíne Crawford freastal ar riachtanais éagsúla cuairteoirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta amach anseo agus chun an t-eispéireas is fearr is féidir cinnte a dhéanamh don lucht féachana agus don phobal. Cinnteoidh an tionscadal go ndéanfar an foirgneamh uathúil seo a bhfuil spéis mhór oidhreachta ann a athchóiriú agus a fheabhsú do na glúine atá le teacht.

Tá Oibríochtaí Inbhuanaitheachta agus inbhuanaitheacht Comhshaoil ina bpríomhbhreithniú ar fud oibríochtaí Ghailearaí Ealaíne Crawford; is tosaíocht don Phlean Bainistithe Forbartha é béim a leagan ar spriocanna inbhuanaithe Comhshaoil a bhaint amach.

In 2023 bunaíodh Foireann Ghlas thiomnaithe an Ghailearaí, glacadh Treochlár 2022 um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus d'fhormheas an Bord é i mí na Samhna 2023.

Faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cosaint a thabhairt do chearta daonna a bhfostaithe, a gcustaiméirí, a n-úsáideoirí seirbhíse, agus gach duine a dtéann a mbeartais agus a bpleananna i bhfeidhm orthu.

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford fós ag obair sa cheantar seo trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Feabhas a chur ar Inrochtaineacht Gréasáin ar fud roinnt ardán poiblí agus ghníomhaíocht meán sóisialta an Ghailearaí
- Éagsúlacht san Earcaíocht a Fheabhsú
- Beidh Idirmhalartú Leictreonach Sonraí ina phríomhbhreithniú sa chéim phleanála agus chomhairliúcháin le haghaidh an chéad Phlean Straitéiseach eile de chuid an Ghailearaí (2024–2027).



Plás Emmett: Imprisean Ealaíonta Íomhá: Grafton Architects

## ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ I nGAILEARAÍ EALAÍNE CRAWFORD

**Stiúideo Tacaithe Crawford**

Oibríonn Stiúideo Tacaithe Crawford chun líonra tacaíochta a sholáthar a ligeann d'ealaíontóirí tástáil, síneadh, cliseadh uaireanta, agus saothar spreagúil a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte.

Tá Stiúideo Tacaithe Crawford (Stiúideo Tacaithe Crawford) ann a bhuí le comhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Chorcaí, MTU Coláiste Ealaíne is Deartha Crawford, Gailearaí Ealaíne Crawford agus Cope Foundation. Is é an líonra sin atá mar chrann taca aige.

In 2023 bhí an-áthas ar Ghailearaí Ealaíne Crawford an nuacht a roinnt faoi spás gréasáin tiomnaithe le haghaidh Stiúideo Tacaithe Crawford a bheith beo; cuireann sé ardán ar fáil do shaothar ealaíne, rogha scannán, agus rannán faisnéise atá ag forbairt ina bhfuil catalóga agus ailt chun plé níos doimhne a dhéanamh. Is uirlis abhcóideachta agus feasachta é an suíomh Gréasáin agus is pointe teagmhála gairmiúla é d'ealaíontóirí Stiúideo Tacaithe Crawford http://crawfordsupportedstudios.com

Ba bhliain iontach í 2023 d'ealaíontóirí Stiúideo Tacaithe Crawford le buaicphointí lena n-áirítear: portráidí ealaíontóirí ar scannán á n-éisiúint go míosúil ag Gailearaí Ealaíne Crawford agus Coláiste Ealaíne Crawford MTU ar fud na gcainéal meán, píosa próifíle faoin ealaíontóir Íde Ní Shúilleabháin ar chlár RTÉ 'This is Art' i mí Aibreáin, cruinniú náisiúnta stiúideonna tacaithe i mí Mheán Fómhair agus tionscadal múrphictiúir le Cork Penny Dinners agus leis an ealaíontóir Ailbhe Barrett agus go leor eile.

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford ag cur na n-ealaíontóirí sin chun cinn toisc go bhfuil an saothar ealaíne atá á léiriú spreagúil, misniúil, greannmhar agus tarraingteach do lucht féachana leathan. Go minic gan eagla.

Sa chomhthéacs sin, is é an chuma a bhíonn ar an tacaíocht spás stiúideo inrochtana, rochtain ar ábhair agus ar threalamh, dhá éascaitheoir stiúideo tiomnaithe, cúnamh le hiompar, cumarsáid le haghaidh baill neamhbhriathartha, rochtain ar thaispeántais, lucht féachana, piaraí, agus tacaíocht ó thaobh oiliúint ghairmiúil agus forbairt tionscadal de.

Oibríonn Stiúideo Tacaithe Crawford go gníomhach chun difríocht a aithint agus plé léi, dearbhaíonn sé go dtéann éagsúlacht sna healaíona chun tairbhe do gach duine, agus cruthaíonn sé cleachtas comhaimseartha níos saibhre atá ionadaíoch ar ár bpobail.

Bhí Stiúideonna Tacaithe Crawford (Stiúideo Tacaithe Crawford) bródúil gur sheol sé sraith portráidí láidre d'ealaíontóirí ar scannán a comhchruthaíodh leis an ngrianghrafadóir Clare Keogh.

Is timpeallacht chruthaitheach leanúnach é 'stiúideo tacaithe' a dhíríonn ar ealaíontóirí faoi mhíchumas.

Soláthraíonn Stiúideonna Tacaithe tacaíocht theicniúil ealaíonta, líonraí gairmiúla agus lucht féachana lasmuigh de shuímh sláinte agus cúraim shóisialta.

Faoi láthair tacaíonn Stiúideo Tacaithe Crawford go cruthaitheach le 16 ealaíontóir i gcroílár Chathair Chorcaí.

Díríonn Stiúideo Tacaithe Crawford ar chumas seachas ar easnamh, agus áitíonn sé gurb éard atá i gceist leis an éagsúlacht luach a chur ar an difríocht gan díreach glacadh léi amháin.

Bogaimis ó lárionad an chúram lae go lár na cathrach; Tá ionadaíocht ag baill stiúideo Stiúideo Tacaithe Crawford sa bhailiúchán ealaíne náisiúnta, tá obair déanta acu in éineacht le mic léinn tríú leibhéal agus stiúir siad ceardlanna do dhaoine óga; tá siad tar éis a bheith ina n-ambasadóirí cultúir i gCorcaigh, i gCeatharlach agus i Nua-Eabhrac; rinne siad beochan stad-bog, pictiúir, priontaí, ealaín sráide agus saothar ealaíne atá sainiúil don suíomh.



Ailbhe Barrett, íobmhá le Clare Keogh.



Katie Whelan sa stiúideo, íomhá le Clare Keogh.

# Oibríochtaí

Tá caidreamh comhoibritheach láidir tar éis fás idir Coláiste Ealaíne Crawford MTU agus Gailearaí Ealaíne Crawford; le rannpháirtithe ag teacht le chéile ar bhonn seachtainiúil sa Ghailearaí ar an Máirt agus ar an bParáid Mhór (MTU) ar an Déardaoin chun a gcuid saothar ealaíne a fhorbairt agus tionscadail a chur chun cinn le chéile.

Chomh maith le rannpháirtíocht ealaíonta a chumasú, tugann ealaíontóirí Stiúideo Tacaithe Crawford dúshlán dúinn mar institiúidí cultúrtha ina ndéantar machnamh ar chineálacha nua cur chuige maidir le cumas, oideachas, clársceidealú gailearaithe agus éagsúlacht chultúrtha.

**I measc na ndeiseanna do dhaoine scothaosta i nGailearaí Ealaíne Crawford tá:**

- Turais ghailearaí saor in aisce dhá uair sa tseachtain (Dé Domhnaigh ag 2pm agus tráthnóna Déardaoin) ar oscailt do chách gan aon áirithint ag teastáil.
- Is féidir le grúpaí pobail agus tacaíochta cuairt shaincheaptha threoraithe a chur in áirithe le treoir thiomnaithe saor in aisce nó ar chostas íseal má chuirtear rogha ceardlann phraiticiúil leis an turas.
- Tá clár tiomnaithe, fadtéarmach ag Gailearaí Ealaíne Crawford ar a dtugtar Lonradh le haghaidh daoine fásta ar a bhfuil caillteanas cuimhne, néaltrú, nó galar Alzheimer.
- As fuinneog ghloine dhaite a tháinig an t-ainm 'lonradh', i.e., an focal Gaeilge dar brí 'soilsiú' nó 'gathú'. Cuimsíonn an clár atá faoi stiúir na n-ealaíontóirí seisiúin sa ghailearaí, cuairteanna ar chaiféanna galair Alzeihmer, chuig ospidéal agus tithe altranais Naomh Fionnbarra agus tá sé dírithe ar shaothair ealaíne ónár mbailiúchán mar thúsphointe le haghaidh comhrá le cúnamh leideanna ilchéadfacha agus gníomhaíochtaí ealaíne.
- Is rannpháirtí gníomhach é Gailearaí Ealaíne Crawford i bhFéile na Bealtaine gach bliain
- Tá 'Work of the Week' ann, sraith sheachtainiúil le Conor Tallon agus an coimeádaí Michael Waldron ar a bpléitear cuid de na saothair ealaíne is suimiúla agus is uathúla ón mbailiúchán náisiúnta i nGailearaí Ealaíne Crawford ar an gclár raidió mór le rá úd a óstálann Elmarie Mawe ar 96Fm.
- Eagraíocht tacaíochta neamhspleách a bunaíodh i mí na Bealtaine 1989 is ea Cairde, arb é is aidhm di feasacht ar an nGailearaí, a bhailiúcháin agus a thaispeántais a chur chun cinn agus spéis a chothú i ngach gné den ealaín, den chultúr agus den oidhreacht. Is bealach spraíúil, sóisialta, cruthaitheach agus oideachasúil é a gclár chun páirt a ghlacadh i dtaispeántais agus in imeachtaí sa Ghailearaí. Tugtar cuireadh do bhaill páirt a ghlacadh i gclár imeachtaí lena n- áirítear cainteanna, réamhamhairc taispeántais, agus turais phríobháideacha.

## DAOINE ATÁ AG LORG TEARMANN A ATH-LÁNPHÁIRTIÚ

Is é **Lean do Shrón [isteach sa líníocht]** an clár rochtana do chomhchruthaitheoirí óga a bhfuil cónaí orthu in ionaid soláthair dhírigh nó atá tar éis bogadh amach as Ionaid Soláthair Dhírigh Bhóthar Chionn tSáile / Ashbourne agus Pháirc Cois Abhann Mhaigh Chromtha le déanaí. Is éard atá sa chlár a tionscnaíodh in 2020 seisiúin ar líne a d'éascaigh an t-ealaíontóir Julie Forrester agus Fionnuala O'Connell, oibrí óige in Ionad Imirceach Chorcaí. Rinneadh roinnt cuairteanna agus ceardlann sa ghailearaí agus tá siadsan ina ndlúthchuid den chlár freisin. In 2023, dhírigh na rannpháirtithe ar a gcuid féin den taispeántas Stiúideo a cuireadh i láthair ó mhí Mheán Fómhair 2023.



Eoin O'Brion sa stiúideo, íomhá Clare Keogh.

# Oibríochtaí

Tosach feasa ar an ngailearaí, ar ealaín na hÉireann, agus ar stair na hÉireann go ginearálta is ea na turais ghailearaí atá saor in aisce agus a reáchtáiltear dhá uair sa tseachtain agus iad oscailte do chách gan aon áirithint ag teastáil. Ina theannta sin, d'éascaíomar roinnt turas le ceardlann phraiticiúil le grúpaí Úcránach a tháinig go hÉirinn le déanaí, i gcomhpháirtíocht le hIonad Imirceach Chorcaí agus Secad Mhainistir na Corann.

**Turais LGBTQ +**

**Saor in aisce do gach cuairteoir | Ní gá áirithint**

Chun Féile Bhróid Chorcaí a cheiliúradh, thug Gailearaí Ealaíne Crawford cuireadh do rannpháirtithe chuig Turas speisialta LGBTQ+ ar a thaispeántais. Mar chuid den éagsúlú atá á dhéanamh ar bhailiúchán an ghailearaí, bhí scéalta ag an treoraí turais ón Dr James Barry, Kate O'Brien, agus Fiona Shaw, agus saothair ealaíne le Stephen Doyle agus Patrick Hennessy.

**Tá an tionscadal seo ag tacú leis an nGeilleagar Oíche agus tá maoiniú á fháil aige ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**

**Ionadaíocht in *Behind the Scenes* 2023**

## IONADAÍOCHT

Is féidir le bailiúchán ealaíne poiblí a bheith difriúil, éagsúil, uaireanta an-sonrach ar bhealach an-aisteach, ach cad a léirítear ann agus cé air a bhfuil ionadaíocht á déanamh? I mbailiúchán is féidir léiriú a thabhairt ar an tréimhse inar cuireadh le chéile é, na mothúcháin, an pholaitíocht, corraíl, imeachtaí agus mianta daoine nó pobail. Cuireadh tús leis an mBailiúchán i nGailearaí Ealaíne Crawford i gcomhthéacs scoil ealaíne sa naoú haois déag ach tharla an chuid is mó den fhás a rinne sé ó thús Shaorstát Éireann sna 1920idí. Bhí thuas seal thíos seal i gceist chomh is dócha, de mar a tháinig ann don athrú eacnamaíoch agus sóisialta. Murab ionann agus bailiúcháin stairiúla eile, sa cheann seo tá bailiúcháin shuntasacha i dtaca le saothair ealaíne a rinne mná, agus fuarthas an chéad cheann sna 1890idí. Cé nach bhfuil an Bailiúchán chomh láidir céanna i dtéarmaí ciníocha, eitneacha, inscne, gnéis agus cineálacha eile éagsúlachta, tá dul chun cinn á dhéanamh agus tá sé ag fás i gcónaí chun léiriú a thabhairt ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann, a tosaíochtaí, agus a hiolracht féiniúlachtaí.

**Norah Brigid Ní Chuill (1924/25-1993)**
***Game of Cards***
**1959, ola ar chanbhás**

Tráth idirghlúine ag deireadh an lae é seo, 'vardo' (barr bairille nó vaigín beo) an ghrúpa ina stad, a chapall nó a chapaillín ar leataobh chun innilt. Is sampla annamh é seo de theaghlach Mincéirí nó de theaghlach Thaistealaithe na hÉireann a bheith á léiriú i bhfianaise dhearfach nó neamh-steiréitipiciúil. In ionad teidil ina n-úsáidtear téarmaíocht mhaolaitheach (a úsáidtí go minic san am atá thart), tá suim ag an ealaíontóir ina ngníomhaíocht. Cuireann sí nasc comhroinnte pobail agus muintearais i láthair agus tá sin contrártha leis na léirithe is forleithne lena mbaineann imeallú, agus amhras fiú.

**Angela Burchill**
**Ailbhe**
**John Whelan**
**Katie**
**Eoin**
**Marie**
**Íde**
**John K**
**Rosaleen**



Grianghraf: Barry McCarthy

# Oibríochtaí

**gan dáta, peann luaidhe daite agus peann luaidhe grafach ar chlár**

'Faighim spreagadh ó na daoine agus ó na háiteanna a fheicim agus mé ag taisteal.' Cuimsíonn Angela Burchill raon ábhar agus tá stíl uathúil bheoga forbartha aici, mar is léir ón tsraith portráidí seo dá comhealaíontóirí. Bhí sí ina ball de chlár stiúideo Cúig agus ina healaíontóir cónaithe ag Ionad Ealaíon an Ghort Álainn roimhe seo, agus tá sí anois ina ball de Stiúideo Tacaithe Crawford. Is timpeallacht chruthaitheach leanúnach í seo do dhaoine aonair a bhfuil riachtanais shonracha sláinte nó shóisialta acu, a sholáthraíonn tacaíocht theicniúil ealaíonta, líonraí agus lucht féachana lasmuigh de shuímh sláinte agus cúraim shóisialta. Tá Stiúideo Tacaithe Crawford ann a bhuí le comhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Chorcaí, MTU Coláiste Ealaíne is Deartha Crawford, Gailearaí Ealaíne Crawford agus Cope Foundation.

**Stephen Doyle (b.1994)**
***Dylan Is Ainm Dom...* 2018,**
**ola ar chlár, neon**

Mar a thugann a theideal Gaeilge le fios (Dylan Is Ainm Dom), leis an bportráid seo d'fhear óg seacht mbliana déag d'aois déantar iniúchadh ar cheisteanna an lae inniu maidir le féinfhéiniúlacht in Éirinn. Tá an suíomh gar do theach Dylan i Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath. Déanann meascán an ealaíontóra de thírdhreach agus de phéint ola aithris ar oidhreacht agus ar thraidisiún, ach leis an úsáid a bhaintear as neon misniúil, tugtar le tuiscint go bhfuil 'eileacht' ann. Tugann Doyle dá aire go bhfuil 'an neas-suíomh seo cosúil le mar a d'fhorbair an cultúr aiteach lasmuigh den mhórshochaí.' Gearrliostaithe do Dhuais Phortráide Zurich in 2018, meastar gurb é an saothar seo an chéad saothar a cuireadh isteach sa Bhailiúchán Náisiúnta ina bpléitear féiniúlacht thrasinscneach go hoscailte. 'Aon duine trasinscneach a fheiceann an saothar', tá súil ag an ealaíontóir 'go mbeidh siad in ann nasc a dhéanamh leis agus a bheith ar an eolas gur leo é.'

**Suzanna Chan (b.1969)**
***The Cabinet of Exotica* 1993,**
**ola ar chanbhás**

Ar Oirthearachas (léirithe ar chultúr na hÁise ina léirítear dearcthaí coilíneacha go minic) a thugtar aghaidh sa saothar mistéireach seo agus is léiriú é ar eitneacht Éireannach-Síneach an ealaíontóra féin. Cuireann an phéintéireacht meascán cásanna i láthair a bhainfeadh suaitheadh as duine, agus dhá chú ag dul sa tóir ar fhianna aonair, neach fireann agus bábóg ar mhéid nádúrtha ina baclainn aige, agus seomra barrmhaisithe ina ionad do chlinic fiaclóireachta. Aithnítear agus tugtar dúshlán d'fheidhmiú ról steiréitipiciúil inscne le híomhánna Chan ar geall iad le rud a d'fheicfí ar stáitse, go háirithe i gcomhthéacs 'bábógú baineann' na hÁise faoi shúile Iartharaithe fadhbacha.

**Stephen Doyle (r.1994)**
***Meditating Tongqui***
**2020, ola agus meáin mheasctha ar chanbhás**

Chruthaigh Doyle seo i ndiaidh a chónaitheachta in Shang-hai, agus leis an saothar seo, rinne Doyle iarracht aird a tharraingt ar 'na milliúin Tongqui / Tongfu atá ina gcónaí sa tSín faoi láthair.' Úsáideann an t-ealaíontóir an téarma le haghaidh daoine homaighnéasacha atá pósta le duine den inscne eile anseo, agus d'fhéadfadh sé gurb é is cúis leis seo 'oibleagáid ginealach a dhéanamh nó go díreach a sheachaint go mbeadh amhras ann gur homaighnéasaigh iad nó d'fhéadfadh an iliomad cúiseanna pearsanta nó polaitiúla a bheith ann.' Téarma is ea é lena gceistítear féiniúlacht, idir fhéiniúlacht chultúrtha agus fhéiniúlacht ghnéasach. Fágann sé go bhfuil an té atá ina shuí tumtha i dtimpeallacht nach bhfuil aon nasc ann.' É i ndianmhachnamh, tagann cothromaíocht chuige, agus b'fhéidir go smaoiníonn é ar a bhféadfadh tarlúint dá mbeadh imthosca éagsúla ann.



Stephen Doyle, *Dylan Is Ainm Dom...* 2018.



Suzanna Chan, *The Cabinet of Exotica*, 1993.



Stephen Doyle, *Meditating Tongqui*, 2020.

# Oibríochtaí

## ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA (LEASÚ), 2021

Tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (an tAcht) i bhfeidhm i mí na Nollag 2021. In 2023, chun tacú lena oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh, chuir Gailearaí Ealaíne Crawford gníomhaíochtaí i gcrích sna réimsí seo a leanas:

- Faoi Alt 4(B) den Acht, cheap an Gailearaí ball foirne sinsearach chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú do dhualgais an Ghailearaí faoin Acht.
- Faoi Alt 10(A) den Acht, chuir an Gailearaí tús le comhlíonadh fógraíochta dhátheangaí a rianú trí úsáid a bhaint as an teimpléad a chuir an Coimisinéir Teanga ar fáil.
- Bíonn an Bhainistíocht fós ag cur sonraí gach Seimineár Faisnéise ar an Acht de chuid na Roinne agus an Choimisinéara Teanga in iúl do gach ball foirne.
- Tá feabhsuithe incriminteacha déanta ag Roinn Margaíochta agus Cumarsáide an Ghailearaí ar úsáid ábhair Ghaeilge ar chainéil meán sóisialta agus ar fhógraíocht an Ghailearaí.
- Tá imeachtaí Gaeilge saor in aisce óstáilte ag an nGailearaí.



# Tuarascáil 2023 ar Thaispeántais

Lean uaillmhianta agus fís Ghailearaí Ealaíne Crawford den fhás tapa in 2023, é suite go daingean laistigh de theaghlach na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta. Chruthaigh agus sheachaid a fhoireann teagmhálacha bríomhara le breis agus 22 thionscadal agus thaispeántas inar cuimsíodh téamaí ábhartha agus rinneadh ceiliúradh ar an mBailiúchán Náisiúnta. Cothaíodh comhpháirtíochtaí nua agus comhpháirtíochtaí a bhí ann cheana le healaíontóirí agus le pobail i rith na bliana, rud a chruthaigh lucht féachana nua a d'fhan ar feadh tréimhse níos faide sna gailearaithe.

Sna chéad trí mhí de 2023, tugadh chun críche roinnt taispeántas ar cuireadh tús leo in 2022 lena n-áirítear taispeántas a bhfuil ardmholadh faighte aige ó léirmheastóirí**, Corban Walker: As Far As I Can See**, taispeántas a bhí ann le linn choimeádaíocht shaibhritheach an ealaíontóra féin ar an mBailiúchán. ***Other Worlds: Harry Clarke Watercolours*** – sa chúigiú taispeántas bliantúil de bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford i dtaca le saothair an ealaíontóra, rinneadh iniúchadh ar acmhainneacht Clarke maidir le tógáil domhan agus le scéalaíocht. Bhí ócáid speisialta ag gabháil leis an taispeántas inar phléigh na húrscéalaithe **Laura McKenna** agus **Éibhear Walshe** a gcur chuige i leith an fhicsin stairiúil. Agus i ***Behind the Scenes: Collection at Work*** chuathas faoi dhromchla na rogha saothar ealaíne chun próiseas an déanta, an taispeántais, an chaomhnaithe, an léirithe agus teanga a nochtadh.

Is sa dara seachtain d'Eanáir a tháinig an traidisiún bliantúil a rabhthas ag súil go mór lena fhilleadh, an fhuaim chósta a bhí tamall caillte anois ag filleadh ina mhacalla trí lár chathair Chorcaí. ***Found Sound (Lost at Sea)***

11.1.11 Is suiteán é sin leis an ealaíontóir fuaime **Danny McCarthy** ón mbailiúchán náisiúnta agus bhí sé inchloiste ó am go chéile i rith an lae agus thug sé chun cuimhne an rud ba fhuaimrian riachtanach an tsaoil laethúil ann uair amháin.

Bhí na taispeántais bhailiúcháin ***RADHARC: Dearcthaí i bPrionta | Perspectives in Print*** agus ***SITE OF CHANGE: Evolution of a Building*** le fáil i gclár an earraigh i nGailearaithe Gibson agus sa Seomra Fada.

Leis an bhfocal Gaeilge radharc, táthar ag smaoineamh ar dhearcadh, raon radhairc nó rud éigin infheicthe. Arna tharraingt as bailiúchán mór priontaí Ghailearaí Ealaíne Crawford, chuir an taispeántas seo ar fáil trasghearradh de chleachtas déanta priontaí le céad bliain anuas.

In ***RADHARC*** (an 4 Feabhra – an 21 Bealtaine) rinneadh suirbhé ar dhearcthaí topagrafacha agus ar staideanna inbhreathnaitheacha ina ndearnadh machnamh ar cad a thagann isteach i raon radhairc an ealaíontóra agus conas a bhraitheann siad nó cad é a mholann siad; cad a shamhlaíonn siad?

Is iad na haisteoirí a bhí sa taispeántas **Norman Ackroyd, Katherine Boucher Beug, Naomi Boretz, Georges Braque, Christo, Jan de Fouw, Otto Dix, Micheal Farrell, Gary Farrelly, Anna R. Findlay, Joy Gerrard, Debbie Godsell, Mark Hathaway, David Hockney, Robert Indiana, Fiona Kelly, Paul Larocque, David Lilburn, Aidan Linehan, Frieda Meaney, Joan Miró, Cóilín Murray, Jennifer O'Sullivan, Eduardo Paolozzi, Pablo Picasso, Nigel Rolfe, Georges Rouault, Mabel Allington Royds, Maria Simonds-Gooding, Edward Twohig,** agus **Corban Walker**.

Rinneadh idirghabháil ar ***Radharc*** trí chomharthaíocht dhátheangach (Gaeilge agus Béarla) agus in éineacht leis sin fuair na turasóirí peirspictíocht uathúil ó thuras treoraithe (5 Márta 2023) le **Billy Lingwood**, ealaíontóir a bhfuil speisialtóireacht aige i ndéanamh priontaí, agus cuireadh sin i láthair as Gaeilge.



Amharc suiteáin: *Taobh thiar de na radhairc* . Grianghraf: Jed Niezgoda




Amharc suiteáin: *Radharc: Dearcthaí i bPrionta | Perspectives in Print*. Grianghraf: Jed Niezgoda

Agus Gailearaí Ealaíne Crawford ag ullmhú chun dul i mbun a cheathrú céad den fhorbairt, bhí ***Site of Change: Evolution of a Building*** (4 Márta – 12 Samhain) ina dheis thráthúil machnamh a dhéanamh ar éabhlóid a láithreáin, a fhoirgnimh agus a fheidhme ó 1724 go dtí an lá atá inniu ann. Faoi choimeád **Tom Spalding** agus Michael Waldron, rinneadh iniúchadh sa taispeántas seo ar an gcaoi ar athraigh an foirgneamh leis na hamanna.

Athraíodh a chuspóir óna ról bunaidh mar Theach an Chustaim, d'fheidhmigh sé mar Scoil Ealaíne, Gailearaí Ealaíne Bardasach, agus Institiúid Chultúrtha Náisiúnta. Le gach athrú ar a chuspóir, d'oiriúnaigh sé agus d'fhás sé mar fhreagra ar riachtanais na cathrach agus a muintire.

Le feiceáil sa taispeántas bhí saothair leis na healaíontóirí **Emily Anderson, George Atkinson, Domenico Brucciani, John Butts, Thomas Chambers, Augustin Amant Edouart, Mark Hathaway, Arthur Hill, Charlotte Kennedy, Colin Leahy, Richard Lyster, Danny McCarthy, Canon E. P. Mills, Walter A. Mulligan, Séamus Murphy, Orla O'Byrne, Diarmuid Ó Ceallacháin, Mary A. O'Neill, Henry Jones Thaddeus, William Willes, Richard Benjamin Wood** mar aon le hiasacht samhail ailtireachta uathúil le haghaidh dearadh a bheartaíodh do Scoil Ealaíne Bardasach Crawford le **Arthur Hill**.

In ***The Power of Us*** **(31 Márta 2023 – 5 Márta 2024), clár scagtha uaillmhianach bliana**, insíodh scéalta daoine atá paiseanta faoin méid a dhéanann siad. Is daoine spreagúla agus nuálacha iad ábhar na scannán sin, agus bhí eolas domhain acu ar a ngairmeacha beatha. Ag am ina gcaitear amhras ar an saineolaí tugann na scannáin seo aitheantas do dhaoine aonair a thagann le chéile in éineacht lena gcuid saineolais chun cuilithíní agus uaireanta tonnta a sheoladh amach tríd an tsochaí. I measc na scannán bhí **Clare Keogh**: *Portraits of the Artists (2023)* ina bhfuil ealaíontóirí ó **Stiúideonna Tacaithe Crawford**; **Lisa Fingleton: *Voices from the Fields* (2022): Michelle Delea: *The Sprawling Octopus of an Elevated Highway* (2022; Anthony Haughey i gcomhar le My Sister's Keeper: *This Is What We Call Progress* (2021) agus Venus Patel: *Eggshells* (2022).**

Eagraíodh míonna an tsamhraidh le fócas ar leith ar chorp an duine le ***muscle: a question of power, Bodywork*** agus ***Wiggle Room*** (iad ar fad **28 Aibreán – 20 Lúnasa**) ag teacht le chéile ó thaobh na dtéamaí de.

***muscle: a question of power***, is eispéireas tumthach clós-suiteáin soghluaiste a chruthaigh **Anna Furse** le haghaidh an té a thabharfadh cuairt ar bhailiúchán an Ghailearaí de **Canova Casts**. Rinneadh ***muscle*** a dhearadh chun an lucht féachana a threorú i dtreo procsaeimicí agus peirspictíochtaí ar leith agus chun díriú ar na dealbha figiúrtha clasaiceacha seo, le ***muscle*** iarradh machnamh ar raon ceisteanna faoin gcorp, nocht agus faoi éadaí, agus a bhrí i sibhialtacht an Iarthair. Tugtar le fios i gceisteanna den sórt sin freisin gur ó thaithí 'choirp bheo' ba cheart breathnú ar na saothair ealaíne sin – ar nithe iad a bhain le caidreamh idirnáisiúnta agus arbh uirlisí oideolaíocha iad roimhe seo; is é sin, spreagfar an cuairteoir/amharcóir, trí threoir fuaime téacs/fuaim, chun taithí a fháil ar an gcuairt ní hamháin ó thaobh amhairc de ach go físiúil agus go samhlaíoch.



Amharc suiteáin: *Site of Change*. Grianghraf: Jed Niezgoda



*This is What We Call Progress* (2021) Stadán scannáin (sonra) © Anthony Haughey

# Tuarascáil 2023 ar Thaispeántais

Bhain ***Bodywork*** le healaíontóirí agus an chomhpháirtíocht chomhoibríoch ***idir Áras Nua-Ealaíne*** (IMMA) agus ***Gailearaí Ealaíne Crawford*** chun saothair nua a cheannach le déanaí le haghaidh an ***Bhailiúcháin Náisiúnta***. Faoi choimeád Dawn Williams, rinne Bodywork iniúchadh ar ghnéithe den ealaín a dhéanann iniúchadh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn ár gcorp faoi fhórsaí inmheánacha agus seachtracha agus trí eispéiris bheo. Agus é sin á dhéanamh, chuir an taispeántas spás ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar ár gcorp agus ar an gcaoi a mbaineann siad lenár dtuiscint ar íomhá choirp agus leag sé béim ar na caidrimh ríthábhachtacha idir cleachtas ealaíne comhaimseartha agus an corp.

Is iad na healaíontóirí a bhí i láthair: **Rachel Ballagh, Elizabeth Cope, Yvonne Condon, Stephen Doyle, Rita Duffy, Debbie Godsell, Eithne Jordan, Dragana Jurišić, Breda Lynch, Brian Maguire, Leanne McDonagh, Eoin McHugh, Nick Miller, Peter Nash, Maïa Nunes, Sandra Johnston, Alice Rekab, Rajinder Singh** agus **Jennifer Trouton.**

Le Croithsheomra sa ghailearaí uachtarach, leagadh béim ar an ngá atá le spás laistigh den ghailearaí le haghaidh lucht féachana chun roinnt ama a thógáil chun suí, machnamh a dhéanamh, léamh, stopadh agus b'fhéidir iad féin a chroitheadh. Le réimse leabhar a tháinig go deas leis na taispeántais – agus suíocháin chompordacha urraithe go cineálta ag **EZ Living Interiors** – d'éirigh go hiontach leis an rud agus leag sé béim ar an ngá atá le spásanna poiblí sábháilte socair.

Bhí mórthaispeántas aonair ag Rita Duffy, is é sin, ***Rita Duffy: Persistent Illusion*** (10 Meitheamh – 30 Deireadh Fómhair), agus chuir sí triológ de shaothair nua ar mhórscála i láthair a thug aghaidh ar théamaí práinneacha na géarchéime pláinéadaí agus an anoird pholaitiúil. Triptic ár linne a bhí ann, triptic ina raibh Epiphany (2021) agus Ship of Fools (2022), agus a bhí bunaithe ar shraith dhian líníochtaí beaga aoracha an ealaíontóra, The Emperor has No Clothes (2020), a cheannaigh Gailearaí Ealaíne Crawford le haghaidh an Bhailiúcháin Náisiúnta. D'fhoilsigh Gailearaí Ealaíne Crawford an foilseachán Persistent Illusion le haistí ó **Sarah Kelleher** agus **Yvonne Scott** le gabháil leis an taispeántas.

Le linn mhíonna an fhómhair bhí dhá thaispeántas thábhachtacha ann a tharraing aird ar an gclár fíor-riachtanach **Foghlaim & Fiosraigh** agus a chomhpháirtíochtaí, na healaíontóirí ardánaithe eile a dhéanann imscrúdú ina gcleachtas ar cheisteanna éagsúla idir sean agus nua le cabhair snáithíní agus snáitheanna.

Is rud praiticiúil é an ealaín, agus bhí ***L&E STUDIO*** dírithe ar a bheith ag déanamh agus ag foghlaim le chéile. Is minic a bhíonn an ealaín spraíúil agus turgnamhach agus le cláir Foghlaim & Fiosraigh an Ghailearaí; tacaítear le réimse gníomhaíochtaí foghlama agus fiosrúcháin, lena n-áirítear: ranganna ealaíne do leanaí, clár beochana do leanaí, clár ealaíne comhoibríoch le **hIonad Imirceach Chorcaí**, cláir do dhéagóirí, ullmhú punainne**, Stiúideo Tacaithe Crawford** i gcomhpháirtíocht le **Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford MTU**, Lonradh – clár cruthaitheach fadtéarmach atá fabhrach don néaltrú, turais agus ealaín agus ceardlanna folláine.

Rinneadh na saothair ealaíne a bhí le feiceáil in ***L&E Studio*** laistigh de Chreat Cruthaitheach L&E Creat agus leag siad béim freisin ar fhoireann thiomnaithe ealaíontóirí agus staraithe ealaíne a stiúrann na cláir go saineolach agus go samhlaíoch; go sonrach **Gillian Cussen, Rebecca Crunden, Sue Dolan, Julie Forrester, Mary Galvin, Chloe Griffin, Karolina Clénet, Lynda Loughnane, Danielle Sheehy, Mary Timmons, Avril O'Brien, Mairead O'Callaghan, Fionn Van der Noll, Inge Van Doorslaer** agus **Matthew Whyte**. Is iad na daoine a rinne comhchoimeád ar an taispeántas **Anne Boddaert, Emma Klemencic** agus **Eimear Marley.**





Amharc suiteáin: *muscle: a question of power.* Grianghraf: Jed Niezgoda




Amharc suiteáin: Grianghraf *Bodywork*: Jed Niezgoda



Amharc suiteáin: *Rita Duffy: Persistent Illusion.* Grianghraf: Jed Niezgoda



Amharc suiteáin: *L&E STUDIO.* Grianghraf: Jed Niezgoda

**faighte aige** agus ar Anne Boddaert a rinne coimeád air, leagadh béim ar réimsí cleachtais a bhfuilimid fiosrach fúthu agus a bhfuil suim againn iontu. Tá méadú ag teacht ar líon na saothar ealaíne atá bunaithe ar theicstílí i ngailearaithe ealaíne le deich mbliana anuas agus tá ealaíontóirí ag fiosrú ceisteanna éagsúla idir sean agus nua le cabhair snáithíní agus snáitheanna.

Tá teorainneacha na dteicnící traidisiúnta amhail fíodóireacht agus bróidnéireacht curtha chun cinn ag ealaíontóirí a bhfuil suim acu dul ag plé le hacmhainneacht an tsnáithe san ealaín chomhaimseartha. In Following Threads tá saothair le **hAilbhe Ní Bhriain, Isabel Nolan, Matt Smith, Ciara O'Connor, Cecilia Danell, Mainie Jellett dearadh le Ceodogán Rugs, Dorothy Cross, Michelle Malone, Jennifer Trouton, Anne Kiely** agus **Mary Palmer.**

D'fhill trí phainéal mhórthaibhseacha gloine dhaite **Harry Clarke** an Ghailearaí ar taispeáint in **Conserving Harry Clarke: Early Stained Glass (8 Meán Fómhair – 26 Samhain)** tar éis obair chaomhnaithe saineolach **Philip Crook** (Vitrail Studios). Is i bhfrámaí LED saincheaptha de ghrád caomhantais atá na luathshamplaí neamhchoitianta seo feistithe, agus tríothu sin gheobhaidh cuairteoirí spléachadh ar obair Clarke ar bhealach nach raibh indéanta riamh roimhe seo. In éineacht lena n-ath-thaispeáint, tá gearrscannán arna choimisiúnú go speisialta ag **Marcella O'Connor** a rinne doiciméadú ar an bpróiseas caomhantais. Mhaoinigh an **Chomhairle Oidhreachta** an tionscadal caomhantais sin tríd an **gCiste Maoirseachta Oidhreachta 2023.**

**Chuaigh Artists' Film International 2023** i ngleic le téama an Diaspóra agus cuireadh rogha na bliana seo i láthair i gcomhpháirtíocht **le Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí**. Mar chuid de rannpháirtíocht Ghailearaí Ealaíne Crawford san fhéile in 2023, iarradh ar an ealaíontóir a bhfuil cónaí uirthi i Londain **Michelle Deignan** cur leis an scannán, ***Looking for Gary*** (2018). Chuaigh **Michelle Deignan** i gcomhar lena comhealaíontóir aitheanta **Jasmina Cibic** chun dlúthchomhrá poiblí a chruthú faoina gcleachtais agus faoin ról atá ag an 'gcumhacht bhog' sa chultúr.

I measc ealaíontóirí agus comhpháirtithe Fhéile Scannán Idirnáisiúnta na nEalaíontóirí 2023 bhí: **Jesse Chun - Ballroom Marfa, Texas (SAM); Dejan Kaludjerović - Cultural Centre of Belgrade (an tSeirbia); Ottonella Mocellin agus Nicola Pellegrini - GAMeC / Galleria d'Arte Modern, Bergamo (an Iodáil); Sashko Protyah - Museum of Modern Art, Vársá (an Pholainn); Liv Schulman - Fundacion PRÓA, Buenos Aires (an Airgintín); Mochu - Project88, Mumbai, (an India); Damir Avdagić - TromsĖ, Kunstforening, TromsĖ; Adnan SoftiŃ** agus **Nina Softić – Video-Forum, Neuer Berliner Kunstverein (n.b.k.), Beirlín (An Ghearmáin) agus R.I.P. Germain – FormaHQ, Londain** agus **Whitechapel Gallery, Londain (an Ríocht Aontaithe).**






Amharc suiteáin: *Following Threads*. Grianghraf: Jed Niezgoda




*Looking for Gary* (2018). Stadán scannáin (sonra). © Michelle Deignan

# Tuarascáil 2023 ar Thaispeántais

***In All Eyes On Us*** **(18 Samhain 2023 – 24 March 2024)** fiosraíodh cé hiad a bhfuil cead acu féachaint ar dhaoine eile, agus spreagtar ceisteanna cumhachta agus feidhmíochta. Tógadh an taispeántas ón mBailiúchán agus rinne Matt Ryan agus Michael Waldron comhchoimeád air, suiteán ar an 'stíl shalóin' a bhí ann agus bhí portráidí ó na céadta bliain anuas ann.

Sa taispeántas bhí saothair le **Rachel Ballagh, Robert Ballagh, James Barry, Angela Burchill, Julia Margaret Cameron, Regina Carbayo, Jules-Cyrille Cavé, Margaret Clarke, Teresa Collins, Yvonne Condon, Catherine Daly, Wilfrid Gabriel de Glehn, Maurice Desmond, Gerard Dillon, Stephen Doyle, Alfred Elmore, Jacob Epstein, Martin Finin, Samuel Forde, Mags Geaney, Jennie Ashton Hackett, Joseph Higgins, Evie Hone, Marshall Hutson, Seán Keating, Gerald**

**Festus Kelly, Paul Larocque, John Lavery, Louis le Brocquy, Murdo MacLeod, Brian Maguire, Mahony, Fergus Martin, Leo McCann, Ambrose McEvoy, Edward McGuire, John McMaster, Kevin Mooney, Séamus Murphy, Paddy O'Connell, Suzy O'Mullane, Seán O'Sullivan, Henry Marriott Paget, Circle of Allan Ramsay, George Romney, Victoria Russell, Elton Sibanda, Edith Somerville, Niamh Swanton, Henry Jones Thaddeus, Leo Whelan agus Richard Henry Albert Willis.**

**Maidir le *Bad Romance* (2 Nollaig 2023 – 25 Feabhra 2024),** ar cuireadh síneadh leis mar gheall ar éileamh an phobail ar an taispeántas, ba é an séú taispeántas bliantúil agus an taispeántas is mó de bhailiúchán saothar Ghailearaí Ealaíne Crawford le **Harry Clarke**. Cuireadh an taispeántas i láthair den chéad uair sa Seomra Fada agus bhí gach ceann de na 27 saothar mar chuid de, idir shaothar ar pár agus ar ghloine dhaite, chomh maith le ceannachán nua, The Colloquy of Monos and Una (1923). Ceannaíodh na 26 shaothar eile ón ealaíontóir in 1924 agus iad idir macabre, grá agus spioradáltacht, rud a chuir ríméad ar na cuairteoirí – agus ionadh fiú – ar feadh céad bliain.

- Rinne Gailearaí Ealaíne Crawford fógra faoin mbreisiú álainn nua dá mbailiúchán Harry Clarke a bhfuil an-tóir air i gcónaí. Maidir le ***The Colloquy of Monos and Una***, saothar lándaite peann luaidhe, dúigh agus uiscedhath ina léirítear na lánúnacha Monos agus Una agus iad ag teacht le chéile arís sa saol eile, mar a tháinig go deimhin sa scéal clasaiceach úd le Poe, is é sin an chéad saothar le Harry Clarke a ceannaíodh do Ghailearaí Ealaíne Crawford ó 1924.

- "Tá fíor-áthas orainn an saothar eisceachtúil seo a fháil don Bhailiúchán Náisiúnta i nGailearaí Ealaíne Crawford agus ina theannta sin a bheith in ann é a chur ar taispeáint láithreach. Tá an saothar i riocht eisceachtúil. Táimid an-bhuíoch den Aire Catherine Martin agus de chomhghleacaithe sa Roinn TCEGSM as a dtacaíocht iomlán don obair dhraíochtúil seo ó ealaíontóir eisceachtúil" arsa Mary McCarthy, Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford.






An ceannach is déanaí ag Gailearaí Ealaíne Crawford ar leathanach tosaigh an Irish Times, 2023 Grianghraf le Micheal Waldron



Micheál Martin ag nochtadh ceannachán nua, 'The Window' le Sean Keating, 2023. Grianghraf le Clare Keogh




Cuairteoir ag baint taitneamh as Oíche Chultúir Chorcaí i nGailearaí Ealaíne Crawford, 2023. Grianghraf le Darragh McSweeney/ Provision



Dyane Hanrahan ag comhrá le Ireland AM, 2023. Grianghraf le Chloé Griffin



Stiúrthóir Mary McCarthy agus Cláraitheoir Ghailearaí Ealaíne Crawford, Jean O'Donovan leis an gceannachán Harry Clarke is déanaí, 2023. Grianghraf le Provision Photography

# Margaíocht

## FEACHTAIS FÓGRAÍOCHTA

- Thug Nollaig 2023 deis uathúil seasamh Ghailearaí Ealaíne Crawford a dhaingniú mar institiúid Chorcaí a bhfuil an-mheas uirthi in intinn an lucht féachana sula ndúnfar don phobal é in 2024 chun athfhorbairt an fhoirgnimh a éascú.
- Roghnaigh Crawford 'bogdhíol' a dhéanamh, rud a dearadh chun naisc mhothúchánacha le Gailearaí Ealaíne Crawford a threisiú, ag díriú ar thraidisiúin nua a chruthú, ar a bheith ag fáiltiú, agus, i gcás na bhfógraí áitiúla, ar choincheap an 'teacht abhaile' go Crawford, agus Corcaigh a léiriú mar mhol cuairteanna fillte ar Éirinn le linn an tséasúir saoire.

**Raidió:**

- Feachtas fógraíochta raidió náisiúnta agus áitiúil ar RTÉ 1, LyricFM, 96FM agus C103FM
- Bhí 336 fhógra áitiúla agus 226 fhógra náisiúnta ar siúl idir an 20 Samhain agus an 31 Nollaig
- Feachtas RTÉ le tacaíocht ó iarratas rathúil ar RTÉ 'Ag tacú leis na healaíona', a dhúblálann líon na spotaí inár bhfeachtas náisiúnta

**Priontáil:**

- Lánleathanach i mbliainiris fhéiltiúil Chorcaí 'The Hollybough' ón 6 Samhain
- Ceathrú leathanaigh san irisleabhar 'Phoenix' móide eagarfhocal bónais ó mhí na Samhna 15
- Dhá fhógra lánleathanaigh sa Cork Independent 9 Samhain agus 30 Samhain, móide ceann amháin
- eagarfhocal bónais ar an 7 Nollaig
- Leathleathanach san Irish Examiner; treoir bronntanais ón 25 Samhain
- Trí fhógra ceathrú leathanaigh san Irish Examiner Weekend an 2, 9 agus 16 Nollaig
- Lánleathanach in eagrán mhí na Nollag de Whazon

**Ar líne:**

- Treoir bronntanais san Irish Examiner ar líne, alt urraithe
- Ceithre seachtaine de mheirge sealadach ar Tuairisc.ie ón 20 Samhain
- Feachtas fógraíochta ar na meáin shóisialta ón 11 Nollaig go dtí an 1 Eanáir

**As Gaeilge:**

- Ceithre seachtaine de mheirge sealadach ar Tuairisc.ie ón 20 Samhain
- 20% de na fógraí ar an raidió náisiúnta agus áitiúil ina leaganacha Gaeilge

**Meirgí:**

- Le meirgí dátheangacha taobh amuigh de Ghailearaí Ealaíne Crawford i mí na Nollag, neartaíodh na híomhánna a úsáideadh le linn an fheachtais fógraíochta agus rinneadh ceangal leis an bhfoirgneamh féin.Ar an iomlán, bhí tionchar os cionn 12 mhilliún ag feachtas na Nollag ón 20 Samhain go dtí an 31 Nollaig. Mí an-rathúil a bhí i mí na Nollag ó thaobh líon na gcuairteoirí agus deireadh buacach ag teacht le 2023 le haghaidh fhoireann Ghailearaí Ealaíne Crawford.

**Ceol ag meán lae**

Lean Gailearaí Ealaíne Crawford agus Scoil Cheoil MTU Chorcaí dá gcomhpháirtíocht sheanbhunaithe i rith na bliana le taibhithe míosúla. Bíonn ró-éileamh i gcónaí ar na taibhithe sin agus cuireann siad an-áthas ar chuairteoirí, lena sraith bhríomhar lán spraoi, drámaíochta agus grinn á cur ar fáil acu.








Conor Tallon, 96FM agus Micheal Waldron, Coimeádaí na mBailiúchán, ag taifead an 100ú 'Work of the Week' le haghaidh 'The Arts House', 2023. Grianghraf le Clare Keogh.

# Margaíocht

**96FM**

Bíonn Crawford mar chuid sheachtainiúil de The Arts House le 96FM le Elmarie Mawe agus Conor Tallon. Bíonn an Coimeádaí Cúnta Michael Waldron i láthair gach seachtain chun míreanna ón mbailiúchán a phlé agus bíonn siad mar bhunús dár sraith 'Work of the Week' a bhfuil an-tóir uirthi.

**Fáilte Éireann**

Lean Gailearaí Ealaíne Crawford lena gcaidreamh le Fáilte Éireann a choinneáil, agus RedC ag cabhrú le ceardlanna le haghaidh ár n-athbhrandála le linn dúinn a bheith dúnta. I rith an tsamhraidh d'óstáil Gailearaí Ealaíne Crawford eagrán nua de Thurasóireacht Éireann a raibh Ronan O'Gara mar réalta ann, agus é ag spreagadh lucht saoire na Fraince a bheith ag eitilt agus ag seoladh go Contae na Reibiliúnaithe.

**Féilte agus Comhpháirtíochtaí Cultúrtha**

Bhí an-áthas ar Ghailearaí Ealaíne Crawford a bheith mar chuid de go leor imeachtaí agus féilte ardphróifíle náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le linn 2023. I mbliana, ghlacamar páirt i bhFéile Naomh Bríd, Féile Naomh Pádraig, Seachtain na Gaeilge, Féile Chuan Chorcaí, Cruinniú na nÓg, Féile Lársamhraidh Chorcaí, Oíche Chultúir, Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí, agus Féile Snagcheoil Guinness Chorcaí, ina raibh taispeántas ón mbanna ceoil faoi bhanstiúir, Jazzabelles Collective.

In éineacht le príomhspotaí cultúrtha Chorcaí, ghlac Gailearaí Ealaíne Crawford páirt san eagrán is déanaí den Playful Culture Trail le haghaidh leanaí chun go bhfaighidís amach faoi eachtraí cultúrtha Chorcaí. Chun Bród Chorcaí 2023 a cheiliúradh, cruthaíodh turas LGBTQ+ do chuairteoirí leis an treoraí turais Candy Warhol

Mar a luadh thuas, buaicphointe ab ea Oíche Chultúir 2023 inar sháraigh an gailearaí líon lucht féachana 2022 le 4,110 cuairteoir ar an ngailearaí agus iad ar thóir an chultúir de, an líon is mór riamh!

TURAIS

D'óstáil Gailearaí Ealaíne Crawford roinnt turais théamacha agus turais aoithreoraithe le linn 2023. I measc na dtéamaí sin bhí:

- Mná & an Mhiotaseolaíocht
- An Ghaeilge
- Turais aireachais
- Ealaíontóirí Móra na hÉireann sa Bhailiúchán
- Turas LGBTQI + le Candy Warhol

Is bealach iontach iad turais théamacha chun an bailiúchán a thaispeáint trí chomhthéacsanna éagsúla, agus lucht féachana nua a thabhairt chuig an nGailearaí.

Tá an-tóir i gcónaí ar thurais phoiblí ar an Domhnach, ar shaoirí bainc agus ar thráthnóna Déardaoin i measc cuairteoirí sean agus nua. Bhíomar buíoch as tacaíocht leanúnach an Gheilleagair Oíche agus an maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a lig dúinn dul ar aghaidh lenár dturais tráthnóna Déardaoin, rud a chabhraigh linn teacht ar lucht féachana nua agus ár ndoirse a choinneáil ar oscailt go dtí 8pm. Déantar turais a mhargú trí fheachtas fógraíochta sna ar na meáin shóisialta, liostálacha, agus comharthaíocht sheachtrach. Is iad na meáin shóisialta, an suíomh gréasáin agus comharthaíocht sheachtrach an bealach is coitianta chun turais a chur in iúl don phobal, agus chonaiceamar go leor cuairteoirí arís agus arís eile ag filleadh ar thurais.




Ronan O'Gara agus é ag tabhairt cuairte ar Ghailearaí Ealaíne Crawford chun feachtas nua le Turasóireacht Éireann a chur chun cinn, 2023.




© Candy Warhol

# Margaíocht

## ÁBHAR MARGAÍOCHTA:

Bíonn foireann na Margaíochta agus Cumarsáide i gcónaí ag cruthú ábhair mhargaíochta ar nós meirgí ar ráillí an Ghailearaí, agus tá léirithe ag an taighde go bhfuil ríthábhacht lena leithéid maidir le dhaoine ag dul thar bráid agus leis an nGailearaí.

Leanamar den táirgeadh maidir le nuachtlitir mhíosúil, postálacha spriocdhírithe míosúla, dearadh le haghaidh fógraí do bhranda an Ghailearaí agus do thaispeántais shonracha chomh maith le bróisiúr ráithiúil a thaitníonn le cuairteoirí an Ghailearaí agus a scaiptear sa chathair freisin.

Chuir Gailearaí Ealaíne Crawford bróisiúr ar leith i dtoll a chéile a dhírigh ar thurasóirí idirnáisiúnta agus intíre agus bhí siad ar taispeáint ar sheastáin fógraíochta 'Glance', i mbreis agus 500 áit. Díríonn an bróisiúr sin ar thurasóirí intíre agus idirnáisiúnta.

In 2023 thosaíomar ag obair ar ár n-athbhrandáil eatramhach i gcomhair nuair a dhúnfar an gailearaí in 2024, agus cuireadh tús le ceardlanna le baill foirne agus le páirtithe leasmhara seachtracha chun féachaint ar ár mbranda reatha agus chun tosú ag smaoineamh ar ár mbranda le linn dúinn a bheith dúnta don phobal.

## FÓGRAÍOCHT AS GAEILGE

I mí na Nollag 2021, achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Tá sé mar aidhm ag an leasú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a neartú. Mar thoradh air sin, tháinig oibleagáid reachtúil nua do chomhlachtaí poiblí i bhfeidhm, maidir le fógraíocht, cumarsáid ghinearálta agus cumarsáid tráchtála.

Bhí tionchar aige sin ar Foireann na Margaíochta mar bhí an méid seo a leanas i gceist:

Cinnteoidh comhlacht poiblí

(a) gur i nGaeilge a bheidh 20 faoin gcéad ar a laghad d'aon fhógraíocht a dhéanfaidh an comhlacht aon bhliain áirithe, agus

(b) gur trí mheán na Gaeilge a bheidh 5 faoin gcéad ar a laghad d'aon airgead a chaithfear ar fhógraíocht ag an gcomhlacht in aon bhliain.

In 2023, sháraigh Gailearaí Ealaíne Crawford na spriocanna sin, le ceann amháin as gach cúig cinn dár bhfógraí i nGaeilge nó i dteanga dhéach, lena n-áirítear fógraí raidió, preas, meirgí seachtracha agus fógraí digiteacha. Sháraíomar ár sprioc 5% freisin trí 16.7% a bhaint amach. Ciallaíonn sé seo go ndeachaigh 16.7% dár gcaiteachas margaíochta ar ais chuig cuideachtaí Gaeilge.




Grianghraf seachtrach Ghailearaí Ealaíne Crawford, 2023. Grianghraf le Dyane Hanrahan.

# Cairde

Tacaíocht a thabhairt do na healaíona agus dóibh siúd atá ag obair i dtionscal na n-ealaíon, tá sin i gcroílár ár misin ó bunaíodh é breis agus 35 bliain ó shin.

Tá ról luachmhar ag Cairde Ghailearaí Ealaíne Crawford maidir le clár sóisialta, tarraingteach agus spraíúil a chur ar fáil dóibh siúd sa phobal a bhfuil meas acu ar na healaíona agus a bhfuil grá acu do Ghailearaí Ealaíne Crawford. In 2023 bhain Cairde Ghailearaí Ealaíne Crawford stádas carthanais amach leis an Rialálaí Carthanas.

Tá sé mar aidhm ag an gclár imeachtaí éagsúla Cairde smaointeoireacht agus próisis chruthaitheacha nua a aibhsiú agus teicnící traidisiúnta a iniúchadh.

Bhí **Nuachtlitir na gCairde** ag scaipeadh nuacht faoi imeachtaí, imeachtaí/taispeántais/cainteanna 'Cairde' srl in Crawford agus faoi thaispeántais áitiúla eile a thabhairt ar na baill gach coicís le linn 2023. Áiríodh sa nuachtlitir go leor dár bhfíseáin CorkAbout! a cruthaíodh chun nuacht faoi ealaíontóirí áitiúla a thabhairt dár mbaill. Go háirithe, bhí na físeáin CorkAbout! an-úsáideach go háirithe mar bhealach chun taispeántais Chéimithe na mac léinn ealaíne i gColáistí/Scoileanna Ealaíne Chorcaí a leanúint tríd an nGradam 'Emerge'.

**Ceardlanna 'Cairde'**. Thug na 'Cairde' faoina saothair ealaíne féin a chruthú i gceardlanna praiticiúla éagsúla le linn 2023.

Bhí **an-tóir ar Phodturais na gCairde** i rith 2023. Reáchtáladh 6 Phodturas san iomlán i rith 2023 leis na coimeádaithe an Dr Michael Waldron, Dawn Williams agus Anne Boddaert. Thug na turais seo deis do na 'Cairde' dul i ngleic le taispeántais agus am a chaitheamh leis na coimeádaithe chun léargas a fháil ar mhionsonraí a bhaineann leis na saothair agus leis na healaíontóirí taobh thiar de na saothair. Bhí idir 7-28 duine i láthair agus chlúdaigh siad na taispeántais, 'Behind The Scenes', 'Radharc', 'Body Work', 'Persistent Illusion, 'Following Threads', agus turas eisiach 'Behind The Scenes/Backstage Tour' a cheap an Dr Tom Spalding go sonrach le haghaidh Bhaill an Choiste 'Cairde' mar aitheantas ar an tacaíocht a thug siad don Choiste 'Cairde'.

Tá an-tóir i gcónaí **ar Shraith Léachtaí an Fhómhair 'Cairde' 2023** le réimse leathan ábhar léachta arna n-éascú ag ealaíontóirí agus léachtóirí ina réimse féin.

Ba bhuaicphointe den bhliain é **Gradam Emerge 2023 do na Cairde**, ba é an tríú huair a d'éirigh leis na Cairde tacú le healaíontóir atá ag teacht chun cinn. Tríd an nGradam Emerge, tionscnamh de chuid Mhí Ceardaíochta agus Deartha Chorcaí, bhí na Cairde in ann teagmháil a dhéanamh le mic léinn na bliana deiridh i gcúig cinn de scoileanna Ealaíne Chorcaí agus tacaíocht a thairiscint i bhfoirm áit stiúideo sé mhí sa mhol cruthaitheach 'Benchspace' le haghaidh bhuaiteoir foriomlán na dámhachtana. Tugann an spás stiúideo seo an spás, an trealamh, an t-am agus an saineolas a theastaíonn ón ealaíontóir buaiteach chun a scileanna a fhorbairt agus iad ag dul amach ó thimpeallacht chosanta na scoile ealaíne. Trínár bhfíseáin CorkAbout! thugamar tionlacan do choimeádaí Ghradam Emerge Aysegul agus é tabhairt cuairt ar na coláistí ealaíne rannpháirteacha chun féachaint ar obair na gcéimithe agus rinneamar na cuairteanna sin a thaifead chun tairbhe na mball. Ba é Chris Whelan buaiteoir Ghradam Emerge 2023 agus bhí an-tóir ag na Cairde ar a Dheasc Dragon Fly mar gheall ar dhearadh machnamhach Chris. Bronnadh Comhairle na hÉireann um Dhearadh agus Ceardaíocht Gradam Déantóirí Mic Léinn ar Chris.



Ceardlann Péintéireachta 'Scairf Síoda na gCairde' le Stella Costello i mí na Samhna 2023



Turas 'Behind the Scenes / Backstage Pass' Tour leis an Dr Tom Spalding i mí na Nollag 2023



Podturas na gCairde ar *Bodywork* leis an gcoimeádaí Dawn Williams i mí na Bealtaine 2023




CorkAbout! le Buaiteoir Emerge 2023 Chris Tuohy, Cathaoirleach Cairde Etta Goulding agus Riarthóir Cairde Michelle Whelan i mí Dheireadh Fómhair 2023

# Cairde

**Imeachtaí Sóisialta** - Bhí roinnt imeachtaí ag na Cairde i rith 2023, le Turas Thar Oíche chuig Féile Ceoldrámaíochta Ghleann na hAbhann Duibhe 2023 ina raibh turas iomlán thar oíche 2 lá le haghaidh Ceoldráma den scoth amuigh faoin aer Verdi 'McBeth'ar thailte Chaisleán Lios Mór.

**Imeacht Cairde Bloomsday** - Ceiliúradh an chéad Bloomsday i gCorcaigh riamh agus na Cairde ag óstáil ceann de na himeachtaí oscailte i gcomhar leis an eagraí, ball den Choiste Cairde, an Dr Flicka Small. Rinne an t-ealaíontóir Angie Shanahan agus an Dr Flicka Small ceiliúradh ar shaothar Joyce ina gcuid cainte 'A great sweet mother', agus rinne sí nasc le gnéithe dá shaothar le sonraí sna pictiúir iontacha a chruthaigh an t-ealaíontóir Angie Shanahan.

**Turas na gCairde ar Stiúideonna Joseph Walsh** tugadh cuireadh do na cairde chuig turas treoraithe ar Stiúideonna Joseph Walsh ar an 26 Meán Fómhair agus 22 Chara i láthair. Treoraíodh cairde trí chéimeanna aonair an dearaidh le cainteanna ar gach céim den dearadh ón gcoincheapú go dtí an táirge críochnaithe laistigh de na ceardlanna éagsúla ar a eastát i bhFeartaigh.

**Turas Cultúrtha Cairde chun na Róimhe** Rinne na Cairde a gcuid Turais Saoire ar an gCoigríoch arís: Turas 'The Art & History of Classical Rome' ón 2-6 Deireadh Fómhair. Thaistil 24 chara go dtí an Róimh agus fuair siad taithí ar an Róimh ar fad le cúrsa taistil iontach a ghlac Gailearaí Borghese, Músaeim na Vatacáine; An Séipéal Sistíneach, Baisleach Naomh Peadar, Tivoli, Villa D'Este, Villa Hadrian, An Paintéón, Eaglais San Luigi dei Francesci agus beannacht ón bPápa Proinsias.

## ÁR mBLIAIN IN UIMHREACHA









Turas na gCairde chuig Féile Ceoldrámaíochta Ghleann na hAbhann Duibhe i mí na Bealtaine 2023.



Turas na gCairde ar Stiúideo Joseph Walsh i mí Mheán Fómhair 2023



Turas na gCairde chun na Róimhe i mí Dheireadh Fómhair 2023

# Caifé

D'oscail caifé nua an **Seomra Glas ag an Crawford** a dhoirse i mí na Samhna 2022. Seomra itheacháin clasaiceach ón seansaol in eipealár cultúrtha Chorcaí ina measctar tairiscintí ar bhia traidisiúnta in éineacht le treochtaí comhaimseartha. An chuid is fearr de tháirgí Chorcaí agus táirgí Éireannacha, cóireáilte faoi láimh éadrom príomhchócairí atá tiomanta don tsimplíocht agus don bhlas.



Grianghraf: Beth Haughton



Grianghraf: Beth Haughton



Grianghraf: Beth Haughton

# Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh (Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

## le haghaidh na bliana DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023



Ráitis Airgeadais

**Clár na nÁbhar** — Leathanach


| Clár na nÁbhar | Leathanach |
| --- | --- |
| RÉAMHRÁ | 80-81 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL | 82-99 |
| RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH | 100-102 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 103-105 |
| RÁITEAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS | 106 |
| RÁITEAS AR IONCAM UILEGHABHÁLACH | 107 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 108 |
| RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID | 109 |
| RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHISTÍ NA CARTHANACHTA | 110 |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 111-131 |

## RÉAMHRÁ

Is Institiúid Chultúrtha Náisiúnta é Gailearaí Ealaíne Crawford atá suite i bhfoirgneamh suntasach oidhreachta i gcroílár Chathair Chorcaí, agus tá sí tiomnaithe do na hamharcealaíona, idir stairiúil agus chomhaimseartha. Rud suntasach amháin faoi is ea gurb é an t-aon Institiúid Chultúrtha Náisiúnta é atá suite ina hiomláine lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford ag cur go gníomhach le Cathair Chorcaí agus le pleananna uaillmhianacha an réigiúin i gcoitinne maidir le fás agus idirnáisiúnú. Tá scéal sainiúil agus láidir ag Gailearaí Ealaíne Crawford; ar bhonn fisiciúil tá sé comhdhéanta de thrí fhoirgneamh idirnasctha ar de bhunús stairiúil, díorthú agus stíl ar leith iad, rud a léiríonn éabhlóid urghnách na bhfoirgneamh i dtreo na hinstitiúide cultúrtha atá iontu inniu.

Ionchorpraíonn siad Sean-Teach Custaim 1724, arb é an t-ailtire mór Arthur Hill a d'athraigh agus a leathnaigh iad go dtí an Deisceart agus an tIarthar chun Scoil réabhlóideach Eolaíochta agus Ealaíne Crawford a chruthú i 1884. Ar feadh cuid mhaith den 20ú haois, oibríodh an scoil ina seomraí ranga, ceardlanna agus stiúideonna, le Gailearaithe dealbhóireachta agus péintéireachta, léachtlann, oifigí, agus áiseanna tacaíochta coimhdeacha. Oibríodh Scoil Ealaíne Crawford ar an suíomh seo ar feadh 96 bliain.

I 1979, athlonnaíodh an Scoil Ealaíne go Sráid Sharman Crawford agus an t-áitreabh a d'fhan, rinneadh Gailearaí Ealaíne Bardasach Crawford de. Tar éis comórtas ailtireachta, rinne an t-ailtire Ollannach Erick van Egerat saothair idirghabhálaí le linn 1998 – 2000, agus chuir sé cumhdach os cionn na clóise idir na sciatháin Theas agus Thiar.

Ainmníodh Gailearaí Ealaíne Crawford mar Institiúid Chultúrtha Náisiúnta i 2006. Mar eagraíocht neamhbhrabúis, déanann sí bailiúcháin de réada bunaidh agus réada bunaidh ar iasacht a bhailiú, a chosaint, a choinneáil ar iontaobhas, déanann sí taighde orthu, forbraíonn sí iad agus léirmhíníonn sí iad, ar mhaithe le leas an phobail.

**Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí ar lena n-aghaidh atá an chuideachta bunaithe:**

1. Oideachas a chur chun cinn trí chleachtas na healaíne, na dealbhóireachta agus an deartha a fhorbairt agus a chur chun cinn agus sna mínealaíona agus sna healaíona feidhmeacha i gcoitinne agus Gailearaí Ealaíne Crawford Chorcaí a chur chun cinn mar ionad oideachais le haghaidh na n-ealaíona agus mar mhórionad cultúrtha agus ealaíonta.

2. Oideachas a chur chun cinn trí shaoráidí a chur ar fáil do thaispeántais, taibhithe, taispeáintí, léirithe, comhdhálacha, léachtaí, turais, cuairteanna, feidhmeanna cultúrtha agus ealaíonta agus gníomhaíochtaí gaolmhara agus páirt a ghlacadh i gcur chun cinn gníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíonta den sórt sin.

Eagraíonn Gailearaí Ealaíne Crawford clár uaillmhianach Taispeántas, Tionscadal agus clár saibhir tarraingteach Foghlaim agus Fiosraigh a thugann deis do lucht féachana éagsúil idirghníomhú agus dul i ngleic le healaín agus le healaíontóirí i raon comhthéacsanna urghnácha. Tá Gailearaí Ealaíne Crawford tiomanta d'aitheantas, measúnú criticiúil agus aitheantas ar chleachtais ealaíne Éireannacha agus idirnáisiúnta a chothú trína chlársceidealú agus trína éiteas um bhailiú.



Ráitis Airgeadais
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

## RÉAMHRÁ- AR LEAN

Tá beagnach 4,000 saothar sa bhailiúchán, idir phictiúir agus dheilbh Éireannacha agus Eorpacha ón ochtú haois déag agus shuiteáin ealaíne agus físe comhaimseartha.

Cuirtear an bailiúchán ar fáil trí thaispeántais in Crawford agus in ionaid eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí rochtain dhigiteach, trí na cláir Foghlaim agus Fiosraigh agus trí fhoilseacháin, cainteanna, léachtaí agus craoltaí éagsúla a fhéachann le heispéireas uathúil a chur ar fáil do gach duine a bhíonn ag plé leis an nGailearaí.

Tá an timpeallacht ina bhfuil Gailearaí Ealaíne Crawford ag feidhmiú ag athrú go tapa agus tá deis gan fasach ann an príomhchuspóir a athshainiú agus an tionchar a mhéadú.

Tá deiseanna nua spreagúla ann chun nasc a dhéanamh le héagsúlacht lucht féachana agus chun bealaí nua a aimsiú le cinnte a dhéanamh go mbeidh teagmháil níos doimhne ar siúl idir an saothar agus ár lucht féachana agus go léiríonn sé scéalta agus cultúr ár linne.

A bhuí leis an digitiú, tá rochtain níos leithne ar an saothar agus ar an mbailiúchán agus cinntítear gur féidir an saothar a chur ar fáil ar mhaithe le taighde agus leas an phobail.

Tá tiomantas láidir ann do dhea-chleachtais i mbainistiú bailiúcháin agus do mhéadú suntasach a dhéanamh ar an mbailiúchán.

Mar an gcéanna, tá tiomantas ann freisin deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí comhoibriú leis an mbailiúchán agus leis an bhfoirgneamh chun saothair nua a chruthú agus chun tacú le forbairt chleachtas ealaíontóirí trí thaispeántais agus tionscadail agus ábhair chlóite. Tá sé mar aidhm ag an gclár Foghlaim agus Fiosraigh ionchais agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara iomadúla a réamh-mheas agus deiseanna rannpháirtíochta níos fearr a chothú.

Trí phlean Chlár Éire 2040, fuair Gailearaí Ealaíne Crawford tiomantas d'infheistíocht chaipitil chun a fhoirgnimh a fhorbairt, a leathnú agus a athchóiriú, rud a thugann deis thráthúil dó smaointeoireacht nua maidir le bainistíocht bailiúcháin agus treoracha nua a chomhtháthú in Foghlaim agus Fiosraigh sa dearadh agus atheagrú a dhéanfar amach anseo ar spásanna atá ann cheana féin.

**Gailearaí Ealaíne Crawford**
Plás Emmett, Corcaigh
T12 TNE6
Teil: 021 4805082

Ríomhphost: info@crawfordartgallery.ie Uimhir Charthanais na gCoimisinéirí Ioncaim: 18818
Uimhir Chuideachta: 431177

## NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS GAISCÍ IS MÓ

Tá tiomantas Ghailearaí Ealaíne Crawford don tseirbhís phoiblí ag croílár gach rud a dhéanann sé. I dtosaíochtaí straitéiseacha Ghailearaí Ealaíne Crawford, cuirtear san áireamh na hacmhainní láithreacha agus réamh-mheasta, an bonneagar fisiciúil, an timpeallacht dhlíthiúil agus reachtach, an saineolas, an acmhainneacht chomhoibríoch, agus an comhthéacs uathúil – an suíomh, an foirgneamh agus an oidhreacht shaibhir bailiúcháin agus tógála.

Is iad seo a leanas tosaíochtaí straitéiseacha Ghailearaí Ealaíne Crawford:

- Ceangail agus Teagmháil
- Comhoibriú
- Nuáil
- Infheistiú inár Struchtúir.

**Ceangail agus Teagmháil**

Tosaíocht do Ghailearaí Ealaíne Crawford is ea na naisc laistigh den chomhthéacs láithreach a dhoimhniú agus a leathnú le cuairteoirí, leis an bpobal cruthaitheach, le maoinitheoirí, le comhpháirtithe na hInstitiúide Cultúrtha Náisiúnta, agus le páirtithe leasmhara.

Naisc níos doimhne le Gailearaí Ealaíne Crawford a spreagadh agus tacú leo.

**DÉANFAIMID AN MÉID SEO A LEANAS:**

- Taighde ar riachtanais ár lucht féachana agus ár n-ealaíontóra chun an plean is fearr a dhéanamh chun ionchais a chomhlíonadh agus a shárú.
- Oibriú chun a bheith ina cheann scríbe fáilteach agus spreagúil nach mór cuairt a thabhairt air i bpearsa agus go digiteach.
- Líon agus éagsúlacht na ndaoine a thugann cuairt ar Ghailearaí Ealaíne Crawford agus líon na ndaoine a bhíonn ag plé leis an bhfoirgneamh agus ag teacht ar an mbailiúchán a leathnú.
- Ár lucht féachana a dhéanamh infheicthe agus a nascadh le stair ár bhfoirgnimh agus ár n-eagraíochta chun tacú le tuiscint shaibhir a fháil ar chúrsaí ionaid.
- Féiniúlacht chomhleanúnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú lenár gcuairteoirí agus le heispéiris ár bpáirtithe leasmhara le Gailearaí Ealaíne Crawford.
- Áiseanna agus léirmhíniú ar an láthair a leathnú.
- Éagsúlú a dhéanamh ar ár gcuid oibre agus ar ár gcleachtas chun Éire atá faoi athrú a léiriú.
- Tús a chur le hidirphléití maidir leis an ealaín chomhaimseartha agus leis an tsochaí agus páirt a ghlacadh iontu.



Ráitis Airgeadais
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

## NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS IS MÓ - AR LEAN

**Comhoibriú**

Comhoibriú a chothú mar phríomhphrionsabal chun clúdach agus tionchar ár gcuid oibre a athshainiú, a leathnú agus a uasmhéadú.

**DÉANFAIMID AN MÉID SEO A LEANAS:**

- Caidrimh a shainaithint agus a fhorbairt le príomh-chomhpháirtithe institiúideacha, go háitiúil agus ar fud an domhain, a bhfuil cuspóirí agus uaillmhianta straitéiseacha comhlántacha acu.
- Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil ar fud ár bpobal, chun rannchuidiú cultúrtha Crawford leis an tsochaí a leathnú agus a shíneadh.
- Príomh-chomhpháirtíochtaí tríú leibhéal a chothú le dul i gcomhpháirtíocht i réimse an taighde agus tionscnaimh nua de chuid an chláir a fhorbairt agus tacú leo.
- Cuireadh a thabhairt do dhaoine eile comhoibriú lenár dtaispeántais, ár mbailiúcháin agus ár bhfoirgneamh.

**Nuáil**

Tá an nuálaíocht ríthábhachtach do cháil Ghailearaí Ealaíne Crawford agus don rath leanúnach.

**DÉANFAIMID AN MÉID SEO A LEANAS:**

- Gach tacaíocht is gá a chumhachtú agus a leathnú d'ealaíontóirí agus do phobail a mbímid ag plé leo chun tabhairt faoin obair is mian leo a dhéanamh.
- Tacú le nasc díreach agus rannpháirtíocht idir ealaíontóirí agus pobail éagsúla.
- Leanúint den smaoineamh faoi bhealaí nua chun ár gcláir a phleanáil agus a chur i láthair.
- Deiseanna nua a shainaithint inár gcláir le haghaidh tacaíocht chorparáideach agus dhaonchairdiúil.
- Uirlisí digiteacha a uasmhéadú chun spéis a mhúscailt inár gcuid oibre agus chun cur leis an obair sin.
- Bealaí nua a fhiosrú chun éisteacht lenár lucht féachana, chun dul i dteagmháil leo agus chun cumarsáid a dhéanamh leo.
- Cláir agus tionscnaimh a nuáil chun nascadh ar bhealaí atá ábhartha dár bpobal cruthaitheach agus níos leithne.

**Infheistiú inár Struchtúir**

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford ar an eolas go criticiúil faoin ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i struchtúir. Táimid tiomanta d'eagraíocht agus do chultúr atá láidir a fhorbairt.

**DÉANFAIMID AN MÉID SEO A LEANAS:**

- An Máistirphlean Forbartha a struchtúrú chun an fhorbairt chaipitil is fearr is féidir a chumasú do Ghailearaí Ealaíne Crawford le cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann sé caighdeáin chleachtais agus gur oidhreacht chultúrtha shuntasach é.
- Cinnte a dhéanamh go bhfuil struchtúir eagraíochtúla, córais ghnó agus samhlacha rialachais éifeachtacha dea-chleachtais ag Crawford.

NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS IS MÓ - AR LEAN

## NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS IS MÓ - AR LEAN

**Infheistiú inár struchtúir - Ar Lean**

Cúram agus bainistiú an bhailiúcháin a fhorbairt in éineacht le hinstitiúidí agus saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

- Straitéis fála a chur in iúl chun leathnú an bhailiúcháin a threorú.
- Plean airgeadais agus acmhainní 3 bliana atá comhtháite, uaillmhianach agus freagrach a thógáil.
- Cinnte a dhéanamh go dtugtar spreagadh agus tacaíocht d'fhoireann Ghailearaí Ealaíne Crawford ár n-uaillmhianta a bhaint amach agus a fhorbairt ina róil.
- Tógáil ar spiorad foirne agus bród a thógáil as éachtaí.
- Bonneagar fisiciúil agus sóisialta Ghailearaí Ealaíne Crawford a chothabháil agus a fhorbairt chun freastal ar riachtanais reatha ár lucht féachana agus ár gcláir agus a riachtanais amach anseo.





## CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

**FÍS**

Gailearaí Ealaíne Crawford – spás poiblí bríomhar ina spreagtar agus ina gcothaítear rannpháirtíocht shóisialta, smaointeoireacht chriticiúil agus cruthaitheacht níos fearr trí na hAmharcealaíona.

**MISEAN**

Trí chlársceidealú, bhailiúchán agus fhoirgneamh Gailearaí Ealaíne Crawford, déanann sé iniúchadh ar an todhchaí, déanann sé machnamh ar an am i láthair agus nochtann sé an t-am atá thart, chun comhráite tarraingteacha thar na hamlínte a chruthú. Mar eagraíocht neamhbhrabúis, déanann Gailearaí Ealaíne Crawford a bhailiúchán de shaothair ealaíne bunaidh agus saothair ealaíne atá ar iasacht a bhailiú, déanann sé taighde faoi, déanann sé é a fhorbairt agus a léirmhíniú ar mhaithe le leas an phobail.

**LUACHANNA**

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford lonnaithe le bród i gCorcaigh agus bíonn sé ag plé leis an bpobal, ach is idir dhearcadh náisiúnta agus idirnáisiúnta atá aige. Tá tiomantas ann caipiteal sóisialta Chorcaí agus réigiún na cathrach i gcoitinne a thógáil agus rochtain agus rannpháirtíocht le hinstitiúid chultúrtha náisiúnta i gCorcaigh a chumasú.

**ÁR LÁIDREACHTAÍ, ÁR SAOTHAR. TÁIMID:**

**EOLASACH**

Cuirimid comhroinnt eolais chun cinn in go leor foirmeacha éagsúla agus cuirimid giniúint léargais nua chun cinn trí thaispeántais, foilseacháin agus tionscadail.

**TACÚIL AGUS COMHOIBRITHEACH**

Creidimid go paiseanta sa cheart a bhaineann le hoibriú i gcomhar le healaíontóirí agus comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí láidre a thógáil.

**OSCAILTE AGUS CUIMSITHEACH**

Aithnímid gur bailiúchán poiblí atá againn agus táimid tiomanta d'uasmhéadú a dhéanamh ar an rochtain a chuirimid ar fáil dóibh siúd go léir ar spéis leo páirt a ghlacadh sa bhailiúchán, sna taispeántais agus sna foirgnimh.

**FLAITHIÚIL AGUS FÁILTEACH**

Aithnímid an deis atá againn bheith inár n-áit a chuireann fáilte roimh dhaoine agus atá tiomanta do chaighdeáin den scoth seirbhísí a sholáthar dár lucht féachana uile.

## PRÍOMHCHUSPÓIR GHAILEARAÍ EALAÍNE CRAWFORD

- Taispeántais amharc-ealaíne agus cláir ghaolmhara a chur i láthair thar na céadta bliain agus rannpháirtíocht agus tuiscint ar ealaín chomhaimseartha agus ar shaothar ealaíontóirí a chothú.
- Ár mbailiúchán agus ár bhfoirgnimh a bhainistiú, a leathnú agus a choinneáil ar iontaobhas do na glúnta atá le teacht.
- Cinnte a dhéanamh go bhfuil ár gcuairteoirí agus pobail éagsúla i gcroílár ár gcuid oibre.
- Cur le saol cultúrtha agus cathartha Chorcaí, saol réigiún na cathrach i gcoitinne agus saol na hÉireann.

## SONRAÍ TAGARTHA AGUS RIARACHÁIN

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í an chuideachta, atá cláraithe faoi Chuid 18 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ("an tAcht"). Tá Gailearaí Ealaíne Crawford tiomanta do chomhlíonadh rialachas corparáideach dea-chleachtais agus tá sé ar an eolas faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá an chuideachta cláraithe freisin mar charthanas leis an Rialálaí Carthanas in Éirinn. Is í an uimhir thagartha carthanas leis an Rialálaí Carthanas 20072926.

Is féidir tuilleadh faisnéise ar bhord, struchtúr eagraíochtúil, bainistíocht agus rialachas a fháil faoin Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

**Is é príomhsheoladh an charthanais:**

Plás Emmett, Corcaigh
Uimhir Charthanais na gCoimisinéirí Ioncaim: CHY 18818

**Aturnaetha**

O Flynn Exham Solicitors 58 An Meall Theas
Corcaigh
T12 RY29

**Baincéireacht**

AIB Plc
66 Meall Theas, Corcaigh



Ráitis Airgeadais
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

## RIALACHAS STRUCHTÚIR AGUS BAINISTÍOCHT

Is Institiúid Chultúrtha Náisiúnta agus Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta é Gailearaí Ealaíne Crawford (CAG), atá cláraithe i bPoblacht na hÉireann. Dá réir sin, ní mór di Dlíthe Rialaithe Phoblacht na hÉireann agus Dlíthe agus Rialacháin uileghabhálacha infheidhme an Aontais Eorpaigh a urramú agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh.

Tá Bunreacht agus Réada Carthanúla Ghailearaí Ealaíne Crawford mar a cheanglaítear leis an dlí leagtha amach sa Mheabhrán agus sna hAirteagail Chomhlachais.

Mar Chomhlacht Poiblí faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ní mór do Ghailearaí Ealaíne Crawford cloí leis an gcreat rialála agus leis na cóid chleachtais arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe NDP (RCPSA) – i gcás inarb infheidhme. Tá an Cód Cleachtais reatha don Rialtas Comhlachtaí Stáit i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2016, agus cuireadh leis an Cód Iarscríbhinn (2020) maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

### STRUCHTÚR AGUS FREAGRACHTAÍ NA hEAGRAÍOCHTA

**Bord**

Ceapann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an Cathaoirleach agus na Stiúrthóirí (ar baill den chuideachta iad) agus fónann siad de ghnáth ar feadh tréimhse 5 bliana agus féadfar iad a athcheapadh ar feadh téarma amháin eile. Is stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin de chuid na cuideachta iad an Cathaoirleach agus an Bord Stiúrthóirí. Bunaíodh an líon stiúrthóirí ag 12. Cheadaigh an tAire gach post boird, 9 gcinn díobh trí chóras na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí chomh maith le hainmní amháin de chuid Chomhairle Contae Chorcaí, ainmní amháin de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí agus POF Chathair Chorcaí atá ina ex-officio.

Déanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) daoine atá oiriúnach lena gceapadh mar stiúrthóirí a shainaithint faoi 'Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit (2014)'.

**Seoladh agus Gnó an Bhoird**

Scaiptear clár oibre iomlán ina bhfuil na doiciméid chuí ar an Aoine roimh chruinnithe boird agus taifeadtar na cinntí a dhéantar sna miontuairiscí.

Féadfaidh an Bord ó am go ham coistí speisialta a cheapadh chun míreanna mionsonraithe sa tréimhse idir cruinnithe an Bhoird a bhreithniú.

Déanfaidh baill an Bhoird gach saincheist a phlé ar bhealach cairdiúil tomhaiste, rud a spreagfaidh rannchuidiú agus comhdhearcadh.

## RIALACHAS STRUCHTÚIR AGUS BAINISTÍOCHT - AR LEAN

**Ról an Chathaoirligh**

Is é nó is í an tAire a cheapann an Cathaoirleach, agus tá an Cathaoirleach cuntasach don Aire, agus is oifigeach neamhfheidhmiúcháin de chuid na cuideachta é nó í. Is ar an gCathaoirleach, mar oifigeach faoi dhlí na gcuideachtaí, atá na freagrachtaí atá ar oifigigh eile de chuid na cuideachta – an Bord. Ina theannta sin, luaitear sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit go bhfuil an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht an Bhoird agus as a éifeachtacht ar gach gné dá ról a chinntiú.

Luaitear sa Chód freisin gur cheart dó ardchaighdeáin macántacht agus ionracais a léiriú agus ionchais a leagan síos maidir le cultúr, luachanna agus iompraíochtaí agus maidir le ton an phlé ar leibhéal an bhoird. I measc na bhforálacha eile sa Chód a bhaineann le ról an Chathaoirligh tá:

- Ról an Chathaoirligh i gclár oibre an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach le Stiúrthóir an Ghailearaí agus cinnte a dhéanamh go bhfuil dóthain ama ar fáil chun gach mír ar an gclár oibre a phlé, go háirithe saincheisteanna straitéiseacha.
- Cultúr oscailteachta agus díospóireachta a chur chun cinn laistigh den Bhord trí rannchuidiú éifeachtach na príomhbhainistíochta agus bhaill uile an bhoird a éascú.
- Cinntiú go bhfaigheann an Bord eolas cruinn, tráthúil agus soiléir. Ba cheart don Chathaoirleach cumarsáid éifeachtach leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir a áirithiú freisin.
- Comhairle a chur ar an Aire maidir le sainscileanna a theastaíonn ón mBord roimh thréimhse ina mbeidh folúntais le teacht chun cinn.
- Cinnte a dhéanamh tríd an Rúnaí go bhfuil sreabha maithe faisnéise laistigh den Bhord agus dá choistí agus idir an bhainistíocht shinsearach agus baill an bhoird chomh maith le hionduchtú, meantóireacht agus cuidiú le forbairt ghairmiúil leanúnach a éascú de réir mar is gá.
- Tuarascáil chuimsitheach a sholáthar don Aire, i gcomhar leis an tuarascáil bhliantúil agus leis na ráitis airgeadais, ina gcumhdófar Gailearaí Ealaíne Crawford agus ina dtabharfar tuairisc don Aire maidir le héifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh na cuideachta.
- Gníomhú ar thorthaí fhéinmheastóireacht bhliantúil an Bhoird.
- Cuspóirí feidhmíochta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha an Stiúrthóra a chomhaontú agus maoirseacht a dhéanamh orthu agus a bhforbairt ghairmiúil a éascú.

**I measc na bhfreagrachtaí eile atá ar an gCathaoirleach tá:**

- Cinnte a dhéanamh, le tacaíocht Rúnaí na Cuideachta, go dtagann an Bord le chéile de réir a Mheabhráin agus a Airteagail Chomhlachais agus go gcomhlíonann sé freagrachtaí reachtúla.
- Ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta de réir mar is cuí agus í ag déileáil leis an Aire agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile; An tAire a choinneáil ar an eolas faoi gach ní ábhartha a bhaineann leis an gcuideachta agus cinnte a dhéanamh go ndéanfaidh an Bord, le linn dó teacht ar chinntí, an treoir a chuireann an tAire ar fáil a chur i gcuntas go cuí.
- Bheith ar fáil do Choiste Oireachtais chun a ról agus a dtuairim ar rannchuidiú na cuideachta amach anseo a phlé.





## RIALACHAS STRUCHTÚIR AGUS BAINISTÍOCHT - AR LEAN

**RÓL AN BHOIRD**

Tá freagracht chomhchoiteann ag an mBord as rath agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na cuideachta a chur chun cinn. I measc a phríomhróil tá gnó na heagraíochta a rialú agus tacú leis an gcuideachta a Fís agus a Misean a bhaint amach. Cuireann an Bord treoir straitéiseach ar fáil don Stiúrthóir agus don fhoireann ardbhainistíochta agus déanann sé monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus éifeachtacht na heagraíochta.

**BORD – STIÚRTHÓIRÍ AGUS FREAGRACHTAÍ OIFIGE**

Mar stiúrthóirí agus oifigigh na cuideachta sa dlí, glacann an Bord le dualgais shonracha mar atá leagtha amach in Acht na gCuideachtaí 2014, chomh maith leis na caighdeáin is airde ionracais phearsanta agus dea-rialachais a chothabháil agus a chur chun cinn go sonrach:

- Tá dualgas ar an mBord gníomhú de mheon macánta agus ar mhaithe le leas Ghailearaí Ealaíne Crawford; gníomhú de réir an Bhunreachta; gan tairbhe a bhaint as maoin na cuideachta; agus coinbhleachtaí leasa a sheachaint.
- Ceanglaítear ar na stiúrthóirí – ar baill iad de Ghailearaí Ealaíne Crawford – na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar stiúrthóirí ráiteas comhlíontachta nuair a cheaptar iad i gcomhréir leis an Acht.
- Ní mór do stiúrthóirí aird a thabhairt ar leasanna fostaithe.
- Ní mór do stiúrthóirí aon leas i gconarthaí a rinne Gailearaí Ealaíne Crawford a nochtadh.
- Ní mór do bhaill an Bhoird aon chás de neamhchomhlíonadh an Achta nó oibleagáidí reachtúla eile a thuairisciú dá gcomhbhaill boird agus don Aire.

**I measc dhualgais mhuiníneacha bhaill an bhoird i nGailearaí Ealaíne Crawford tá:**

- Gníomhú de mheon macánta sa mhéid a mheasann an ball Boird a bheith chun leasa na cuideachta.
- Gníomhú go hionraic agus go freagrach i ndáil le stiúradh chúrsaí na cuideachta.
- Gníomhú de réir bhunreacht Ghailearaí Ealaíne Crawford agus a gcumhachtaí a fheidhmiú chun na gcríoch a cheadaítear de réir an dlí agus chun na gcríoch sin amháin.
- Gan leas a bhaint as maoin, faisnéis nó deiseanna Ghailearaí Ealaíne Crawford ná iad a úsáid ar mhaithe leis féin nó le haon duine eile mura gceadaítear sin leis an mbunreacht nó mura ritear rún i gcruinniú ginearálta.
- Gan aontú srian a chur le cumhacht bhall an Bhoird breithiúnas neamhspleách a fheidhmiú mura gceadaítear sin go sainráite le bunreacht na cuideachta.
- Chun aon choinbhleacht idir dualgais bhall an Bhoird i leith Ghailearaí Ealaíne Crawford agus leasanna eile chomhalta an Bhoird a sheachaint ach amháin má scaoiltear ball an Bhoird óna dhualgas nó óna ndualgas i leith Ghailearaí Ealaíne Crawford i ndáil leis an ábhar lena mbaineann.
- Cúram, scil agus dúthracht a fheidhmiú a mbeifí ag súil leis le réasún ó dhuine sa phost céanna a bhfuil an t-eolas agus an taithí chéanna aige agus atá ag ball boird.

## RIALACHAS STRUCHTÚIR AGUS BAINISTÍOCHT - AR LEAN

Tá an Bord freagrach as an bplean straitéiseach do Ghailearaí Ealaíne Crawford a athbhreithniú agus a fhaomhadh sula gcuirtear faoi bhráid na máthair-roinne é lena fhaomhadh. Déanann an Bord tuarascálacha rialta ón Stiúrthóir maidir le cur chun feidhme an Phlean a mheas agus tá an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as a sheachadadh.

### AN BORD – RIALACHAS & POLASAÍ

Tacóidh an Bord, agus i gcás inar gá trí fhochoistí iomchuí, leis an Stiúrthóir agus leis an bhFoireann Ardbhainistíochta chun rialachas agus rialú éifeachtach na cuideachta a áirithiú trí na nithe seo a leanas:

Rialachas. Cinntíonn an Bord go bhfuil na socruithe rialachais agus cuntasachta láidir agus éifeachtach ar fud na heagraíochta i gcomhréir leis an gCód agus na Rialacháin is infheidhme.

Beartas agus Nósanna Imeachta . Tá an Bord freagrach as gach mórbheartas agus mór-nósanna imeachta a mbíonn tionchar acu ar rialú agus rialachas an Ghailearaí Ealaíne Crawford a athbhreithniú, a fhaomhadh agus a ghlacadh. Ó am go ham i rith na bliana, molann an Stiúrthóir tionscnaimh bheartais nó athbhreithnithe don Bhord lena bplé agus lena nglacadh.

Maoirseacht & Tarmligean. Tá freagracht maoirseachta ar an mBord as seachadadh agus pleanáil eagraíochtúil éifeachtach a chinntiú i nGailearaí Ealaíne Crawford tríd an gcomhaontú formhaoirseachta idir Gailearaí Ealaíne Crawford agus an Roinn a athbhreithniú agus a fhaomhadh agus trí fhreagracht a tharmligean chuig an Stiúrthóir, an Fhoireann Bainistíochta agus foireann Ghailearaí Ealaíne Crawford as bainistíocht laethúil na heagraíochta.

### BORD - ACMHAINNÍ

Tá freagracht shonrach ar an mBord cinnte a dhéanamh go mbaintear úsáid éifeachtach agus rialaithe as acmhainní agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:

Buiséad: Buiséad bliantúil a ghlacadh i gcomhréir leis an straitéis, ar bhonn ionchais stuama maidir le maoiniú deontais, ioncam tráchtála, tiomsaithe airgid agus cláir agus forchostais oibriúcháin rialaithe lena n-áirítear costais foirne.

Tuarascáil: Cinnte a dhéanamh go bhfuil ábhar agus leibhéal an tuairiscithe airgeadais tráthúil agus trédhearcach agus go dtugann sé léiriú fíor agus cothrom ar shláinte airgeadais na heagraíochta agus a thacaíonn le tuiscint agus cinnteoireacht.

Rialú: Gach mír mhórchaiteachais a fhormheas i gcomhréir le maitrís údaráis an Ghailearaí.





RIALACHAS STRUCHTÚIR AGUS BAINISTÍOCHT - AR LEAN

<u>Athbhreithniú agus Faomhadh</u>: Dul i dteagmháil leis an Stiúrthóir maidir le cúrsaí acmhainní daonna agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean fórsa saothair eagraíochtúil de réir riachtanais na Roinne. Déanfaidh an Bord gach ceapachán sinsearach a athbhreithniú agus a fhaomhadh agus féadfaidh sé roghnú suí ar phainéil agallaimh do na ceapacháin sin.

### AN BORD - ABHCÓIDEACHT AGUS TACAÍOCHT

Tá ról lárnach ag an mBord maidir le hobair Ghailearaí Ealaíne Crawford a chur chun cinn le páirtithe leasmhara seachtracha agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:

<u>Abhcóide.</u> Mar chosantóirí fhís agus mhisean Ghailearaí Ealaíne Crawford, gníomhóidh an Bord mar thacadóirí don eagraíocht trí phaisean don eagraíocht a nascadh lena dtionchar i measc páirtithe leasmhara agus an phobail.

<u>Bí rannpháirteach agus tacúil</u>. Tacóidh an Bord leis an Stiúrthóir ar bhealach ginearálta trí fhreastal ar imeachtaí Ghailearaí Ealaíne Crawford agus trí aon aiseolas a chur in iúl don Stiúrthóir.

### RÓL AN STIÚRTHÓRA

Is é Bord Ghailearaí Ealaíne Crawford a cheapann Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford, a thuairiscíonn chuig Bord Ghailearaí Ealaíne Crawford, agus atá freagrach dó. Tarmligeann an Bord freagracht chuig an Stiúrthóir chun gnó laethúil na heagraíochta a stiúradh agus a bhainistiú, tríd an bhfoireann bainistíochta sinsearaí agus baill foirne i nGailearaí Ealaíne Crawford. Is oifigeach feidhmiúcháin de chuid na cuideachta é an Stiúrthóir agus ní stiúrthóir boird de chuid na Cuideachta é.

Freastalaíonn an Stiúrthóir ar chruinnithe boird chun eolas agus tuairisc a thabhairt don Bhord faoi ghníomhaíochtaí Ghailearaí Ealaíne Crawford agus tá siad i dteideal labhairt agus comhairle a chur ar fáil ag aon chruinniú den choiste a bhfreastalaíonn siad air.

**I measc na bhfreagrachtaí tá:**

<u>*Straitéis:*</u> Is é an Stiúrthóir in éineacht leis an bhfoireann ardbhainistíochta atá freagrach as an straitéis eagraíochtúil a fhorbairt agus as cinnte a dhéanamh go bhfuil an straitéis ailínithe le fís, misean agus luachanna na cuideachta.

<u>*Ceannaireacht Chultúrtha:*</u> Tá sé de dhualgas ar an Stiúrthóir Gailearaí Ealaíne Crawford a chur chun cinn agus a mholadh ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus obair Ghailearaí Ealaíne Crawford a ailíniú sa chomhthéacs seo.

<u>*Faisnéisiú:*</u> Coimeádann an Stiúrthóir an Cathaoirleach ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le forbairtí san eagraíocht agus aon saincheist shuntasach a thagann chun cinn.

Bainistíocht Airgeadais. Tá an Stiúrthóir freagrach as buiséad agus gníomhaíochtaí bliantúla na heagraíochta a bhainistiú i gcomhréir leis na pleananna agus buiséid bhliantúla arna bhfaomhadh ag an mBord agus coinníonn sé an Bord ar an eolas maidir le dul chun cinn ina leith sin tríd an gCoiste Airgeadais agus tríd an gCoiste Dlí agus an Coiste um Iniúchóireacht agus um Riosca.

## RIALACHAS STRUCHTÚIR AGUS BAINISTÍOCHT - AR LEAN

Acmhainní Daonna. Tá an Stiúrthóir freagrach as foireann a earcú agus a bhainistiú agus as cinnte a dhéanamh go gcomhlíontar na ceanglais reachtúla agus riaracháin maidir le líon, grádú agus coinníollacha ceapacháin gach ball foirne a fhaomhadh. Tá dualgas ar an Stiúrthóir tacú le baill foirne, iad a bhainistiú agus a fhorbairt i gcomhréir le cuspóirí Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Dóiteáin, Sláinte & Sábháilteacht. Leithdháileann an Stiúrthóir freagracht shonrach as sláinte & sábháilteacht ar bhall foirne sinsearach agus tá siad freagrach, in éineacht leis an mBord, as cinnte a dhéanamh go gcloítear leis na caighdeáin is airde sláinte agus sábháilteachta i nGailearaí Ealaíne Crawford de réir an ráitis sábháilteachta.

Feidhmíocht Ag deireadh gach bliana, cuireann an Stiúrthóir athbhreithniú ar fheidhmíocht Ghailearaí Ealaíne Crawford faoi bhráid an Bhoird i gcoinne an phlean bhliantúil chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus pleananna le haghaidh na bliana atá le teacht.

Comhaontú Maoirseachta. Comhaontaíonn an Stiúrthóir, in éineacht leis an mBord, an conradh feidhmíochta bliantúil leis an máthair-Roinn mar atá leagtha amach sa chomhaontú maoirseachta. Déanann an Stiúrthóir athbhreithniú gach bliain gur comhlíonadh téarmaí an chomhaontaithe.

Tuarascáil. Tá sé de cheangal ar an Stiúrthóir na saincheisteanna seo a leanas a chur faoi bhráid an Chathaoirligh agus an Bhoird.

- Aon éileamh dlíthiúil i gcoinne Ghailearaí Ealaíne Crawford.
- Saincheisteanna suntasacha maidir le hacmhainní daonna nó maidir le caidreamh tionsclaíoch.
- Díospóidí gan réiteach le heagraíocht tríú páirtí.
- Rioscaí a sainaithníodh a dhéanann difear do shócmhainní/úinéireacht maoine cuideachta, árachas, sláinte agus sábháilteacht.
- Saincheisteanna arna dtarraingt anuas ag baincéirí, aturnaetha, iniúchóirí nó rialtas a bhaineann le rialachas.
- Saincheisteanna a d'fhéadfadh bagairt nó damáiste a dhéanamh do cháil na cuideachta.
- Aon athrú suntasach beartaithe ar pholasaí, pleananna nó cleachtas bunaithe na cuideachta.
- Saincheisteanna a bhaineann le coinbhleacht leasa aitheanta i measc na foirne.
- Aon saincheist a bhaineann le comhlíonadh na mbeartas taistil agus cothaithe ag an bhfoireann.

**RÚNDACHT NA CUIDEACHTA**

Norma Cuddihy    Ceapadh an 28/04/2017

**STIÚRTHÓIR**

Máire McCarthy   Ceaptha 12/02/2018 agus Athcheaptha 18/02/2023



Ráitis Airgeadais
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

## RIALACHAS STRUCHTÚIR AGUS BAINISTÍOCHT - AR LEAN

**STIÚRTHÓIRÍ 2023**

| | | |
|---|---|---|
| **Rose McHugh** (Cathaoirleach) | 15/03/2017 | (Athcheaptha 15/03/2022) |
| **Catherine Hammond** | 15/03/2017 | (Athcheaptha 15/03/2022) |
| **Gareth O'Callaghan** | 15/03/2017 | (Athcheaptha 15/03/2022) |
| **Barrie O'Connell** | 15/03/2017 | (Athcheaptha 15/03/2022) |
| **Ann Doherty** | 19/09/2014 | (Athcheaptha 19/09/2019) |
| **Susan McCarthy** | 06/01/2016 | (Athcheaptha 18/05/2021-17/05/2024 ) |
| **Seán Clarke** | 18/05/2019 | |
| **Louise Crowley** | 18/05/2019 | |
| **Shane O'Callaghan** | 18/05/2019 | (D'éirigh as an 30/01/2023) |
| **Penelope Kenny** | 22/11/2022 | |
| **Fiona O'Malley** | 22/11/2022 | |
| **Martin O'Brien** | 22/11/2022 | |
| **Mick Finn** | 23/03/2023 | |

Ní fhaigheann baill an Bhoird aon luach saothair, seachas costais bheaga admhála a thabhaítear, le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh. Íoctar na costais go léir de réir na dtreoirlínte agus na rialacha atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nuair a chríochnaíonn siad a dtéarma, ceanglaítear ar bhaill an bhoird gach doiciméad a bhaineann leis an mbord agus ábhar ábhartha eile a thabhairt ar ais do Rúnaí na Cuideachta. Ina theannta sin, aon chóip de dhoiciméid a bhaineann leis an mbord (lena n-áirítear cóipeanna leictreonacha ach gan a bheith teoranta dóibh) a stóráiltear ar bhealach ar bith (lena n-áirítear ar ghléasanna leictreonacha ach gan a bheith teoranta dóibh) agus gach ábhar cúltaca gaolmhar, ba cheart iad a scriosadh nuair a chríochnaítear an téarma mar bhall boird.

**Tá trí choiste curtha ar bun ag an mBord, mar seo a leanas:**

**1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:**

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus an dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, áirithíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.

## RIALACHAS STRUCHTÚIR AGUS BAINISTÍOCHT - AR LEAN

**2. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca - ar lean**

Ceathrar ball bord agus ball neamhspleách amháin atá ar an gCoiste. Is iad baill an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca Barrie O'Connell (Cathaoirleach), Shane O'Callaghan (go dtí mí Eanáir 2023), Penelope Kenny (ón 23 Márta 2023), Martin O'Brien (ón 23 Márta 2023), Aidan O'Donnell (go dtí mí an Mhárta 2023) agus Dave Ronayne (ball neamhspleách). Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2023.

**3. An Coiste Airgeadais agus Dlí:**

Is é ról an Choiste Airgeadais agus Dlí comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Bhord agus don bhainistíocht maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thuarascálacha airgeadais agus ar chórais airgeadais an ghailearaí agus comhairle a thabhairt ar chúrsaí airgeadais eile ó am go ham.

Tá an Coiste Airgeadais agus Dlí comhdhéanta de cheathrar ball boird agus beirt bhall neamhspleách. Is iad Ann Doherty (Cathaoirleach), Louise Crowley, Susan McCarthy, Tim Healy, Martin O'Brien, agus Deirdre Crowley baill an choiste seo. Bhí 6 chruinniú ag an gCoiste Airgeadais agus Dlí in 2023.

**4. An Coiste um Beartas Ealaíne:**

Is é ról an Fhochoiste um Beartas Ealaíne comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Bhord agus don bhainistíocht maidir le cúrsaí ealaíne, moltaí a dhéanamh don Bhord, agus abhcóideacht a chur ar fáil ag leibhéal an bhoird le haghaidh cinntí maidir le clársceidealú, foghlaim agus fiosraigh, tionscadail agus ceannacháin.

Tá an Coiste um Beartas Ealaíne comhdhéanta de cheathrar ball boird agus beirt bhall neamhspleácha. Is iad baill an choiste sin Catherine Hammond (Cathaoirleach), Gareth O'Callaghan, Jacquie Moore agus Fiona O Malley (ón 21 Márta 2023), Mick Finn (21/11/2023) agus Rose McGrath. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste um Beartas Ealaíne in 2023.





## ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Chuir Gailearaí Ealaíne Crawford a ráitis airgeadais i láthair a chomhlíonann FRS 102 agus CSORP, agus dá réir sin tá an t-athbhreithniú achomair seo san áireamh.

| **Torthaí le haghaidh na bliana** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le haghaidh na bliana | 334,123 | 94,254 |

**Sócmhainní agus Dliteanais le haghaidh Staid Airgeadais**

Mhéadaigh sócmhainní iomlána an ghnó faoi €2,289,706 go €43,651,549; tháinig laghdú €685,462 ar iomlán na ndliteanas go €987,859 agus mar thoradh air sin tháinig méadú €2,975,168 ar ghlansócmhainní go €42,663,690.

**Imeachtaí tar éis dháta an Chláir Comhardaithe**

Níor tharla aon imeacht suntasach a bhaineann le Gailearaí Ealaíne Crawford ó dheireadh na bliana.

**Gnóthas Leantach**

Tá barrachas €334,123(2022:) déanta ag an nGailearaí le haghaidh na bliana airgeadais(2022: €94,254) agus bhí glansócmhainní €42,663,690 aige (2022: €39,688,522) ag dáta an chláir comhardaithe. Le réamhaisnéisí ar shreabhadh airgid arna n-ullmhú ag an mbainistíocht tugtar le fios go bhfuiltear ag súil go mbeidh sreafaí airgid leordhóthanacha ag an nGailearaí chun leanúint dá oibríochtaí ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta sínithe na ráiteas airgeadais.

Ag cur na gcúinsí sin san áireamh, measann na Stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais sin aon choigeartú ar an tsuim ghlanluacha ná ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá mba rud é nach mbeadh an Gailearaí in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

**Nochtadh Riachtanach de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Bord freagrach as cinnte a dhéanamh gur chomhlíon Gailearaí Ealaíne Crawford ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód'), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe NDP i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

## STIÚRTHÓIRI: SCEIDEAL AN FHREASTAIL, NA dTÁILLÍ AGUS NA SPEANSAS

Leagtar amach thíos sceideal freastail ag cruinnithe Boird agus coiste do 2023 lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fhaigheann gach ball:

| | Bard | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: | Airgeadas & DlíCoiste: | Airgeadas & Dlí Coiste: | Táil lí 2023 | Speans ais 2023 | Speans ais 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | € | € | € |
| Líon na gcruinnithe | 5 | 4 | 6 | 4 | | | |
| Rose McHugh | 5 (5) | - | - | - | - | 199 | - |
| Ann Doherty | 4 (5) | - | 5 (6) | - | - | - | - |
| Barrie O'Connell | 5 (5) | 4 (4) | - | - | - | - | - |
| Catherine Hammond | 5 (5) | - | - | 4 (4) | - | - | - |
| Gareth O'Callaghan | 4 (5) | - | - | 3 (4) | - | - | - |
| Mick Finn | 3 (4) | - | - | 1 (1) | - | - | - |
| Martin O'Brien | 5 (5) | 2 (4) | 5 (6) | - | - | - | - |
| Louise Crowley | 3 (5) | - | 4 (6) | - | - | - | - |
| Fiona O'Malley | 5 (5) | - | - | 4 (4) | - | 229 | - |
| Susan McCarthy | 4 (5) | - | 6 (6) | - | - | - | - |
| Penelope Kenny | 5 (5) | 4 (4) | - | - | - | 342 | - |
| Sean Clarke | 4 (5) | - | - | - | - | - | - |
| Shane O'Callaghan | 0 (1) | - | - | - | - | - | - |

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe**

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| **Raon iomlán na sochar fostaithe** | **An Líon Fostaithe** | |
|---|---|---|
| **Ó - Go Dtí** | **2023** | **2022** |
| €60,000 - €69,999 | - | 1 |
| €70,000 - €79,999 | 1 | 1 |
| €80,000 - €89,999 | - | - |
| €90,000 - €99,999 | - | - |
| €100,000 -€109,999 | - | 1 |
| €110,000 -€119,999 | 1 | - |





## COSTAIS CHOMHAIRLEACHA **(Nóta 4 a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais)**

Ie costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Dlíthiúil *(*féach nóta thíos)* | 6,950 | 13,650 |
| Airgeadas | 9,400 | 19,803 |
| Costais earcaíochta | - | - |
| Gairmiúil Eile *(*féach nóta thíos)* | 56,053 | 750 |
| | 72,403 | 34,203 |

**Táillí dlíthiúla ar chomhairle a bhaineann le léasanna agus ceisteanna oibriúcháin eile*
***Costais ghairmiúla eile d'earraí aon uaire agus d'earraí leantacha. Príomhchostais mar seo a leanas: Luacháil boird (€15k), Brandáil Eatramhach (€19k) Forbairt straitéiseach (€12k) & ceisteanna oibriúcháin eile*

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Íocaíocht do na hIniúchóirí (Nóta 5 Costais Tacaíochta - Rialachas)** | € | € |
| Táille iniúchta chuig C & AG | 17,600 | 18,000 |
| Táillí iniúchta inmheánaigh | 16,352 | 14,650 |
| | 33,952 | 32,650 |

**Caiteachas Taistil agus Cothabhála**

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a rangú mar seo a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Náisiúnta | | |
| – An Bord | 770 | - |
| – Fostaithe | 11,729 | 11,151 |
| International | | |
| – An Bord | - | - |
| – Fostaithe | 10,222 | 6,166 |
| | 22,721 | 17,317 |

**Caiteachas Fáilteachais**

Áirítear sa chaiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas do Chliaint | 17,204 | 19.492 |
| Fáilteachas don Fhoireann | 373 | 94 |
| Fáilteachas iomlán | 17,577 | 19,586 |

## RÁITEAS COMHLÍONACHTA

Chomhlíon Gailearaí Ealaíne Crawford ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe NDP i mí Lúnasa 2016 agus leis an gCód Iarscríbhinn (2020) maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

## ÚINÉIREACHT AR AN nGAILEARAÍ

Faoi Ordú Tosaigh Feidhme I.R. Uimh. 306/2021 agus Ordú dílseacháin I.R. 307/2021 tá úinéireacht an fhoirgnimh aistrithe go hiomlán anois chuig Oifig na nOibreacha Poiblí.

## FORBAIRTÍ BREISE

Tá tús curtha ag Gailearaí Ealaíne Crawford le clár mór athfhorbartha d'fhoirgneamh Ghailearaí Ealaíne Crawford ag Plás Emmet, Corcaigh. Is éard a bheidh i gceist leis an tionscadal athfhorbartha na spásanna poiblí agus gailearaithe atá ann cheana a chaomhnú agus a athchóiriú agus feabhsuithe breise a dhéanamh ar an ngailearaí chun saoráidí nua taispeántais agus stórála, spásanna nua foghlama agus taiscéalaíochta agus eispéireas feabhsaithe foriomlán do chuairteoirí a chur san áireamh, lena n-áirítear mórbhealach isteach atreoraithe ar Phlás Emmett.

Is é an toradh a bheidh ar chéim reatha an tionscadail athfhorbartha seo bailchríoch a chur ar an gcás gnó deiridh agus é a chur i láthair, rud a bhfuil coinne leis sa dara leath de 2024. Is é €6,913,120 an maoiniú iomlán atá ceadaithe ag an Roinn Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán don chéim seo den tionscadal, i.e. an Cás Gnó Deiridh a ullmhú. Is iad na costais a tabhaíodh go dtí seo sna ráitis airgeadais €5,057,387. Táthar ag súil go gcuirfear tús le céim thógála an tionscadail go déanach in 2024. Tá an tionscadal seo á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán





## GAILEARAÍ EALAÍNE CRAWFORD

**An Fhoireann Feidhmiúcháin**

Mary McCarthy, Stiúrthóir
Norma Cuddihy, Ceann Oibríochtaí,
Sinead Daly, Bainisteoir Riaracháin,
Grace O'Mahony, Bainisteoir Airgeadais

Thar ceann Bhord Ghailearaí Ealaíne Crawford

Rose McHugh
Cathaoirleach
Dáta: 12/6/2024

Ann Doherty
Stiúrthóir
12/6/2024

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

**Raon feidhme na Freagrachta**

Thar ceann Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh, admhaímid freagracht an Bhoird as cinnte a dhéanamh go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a choimirciú, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábharthacha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe NDP, i bhfeidhm i nGailearaí Ealaíne Crawford le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**Cumas chun Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag Gailearaí Ealaíne Crawford ar a bhfuil ceathrar ball boird agus ball seachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, arb é duine amháin acu an Cathaoirleach. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 4 huaire in 2023. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag Gailearaí Ealaíne Crawford freisin a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus a dhéanann clár oibre a comhaontaíodh leis an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistíochta riosca Ghailearaí Ealaíne Crawford, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Gailearaí Ealaíne Crawford a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá Clár Riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá os comhair Ghailearaí Ealaíne Crawford agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord araon an Clár Riosca a athbhreithniú agus a nuashonrú. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.





## Creat Riosca agus Rialaithe - ar lean

Sonraítear sa Chlár Riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó uile,
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- Tá córais ann arb é is aidhm dóibh slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú,
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a sainaithníodh a thuairisciú,
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina léirítear feidhmíocht le hais buiséad/réamhaisnéisí.

**Soláthar**

Ní raibh aon chás de sholáthar neamhchomhlíontach ann le linn 2023.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**

Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2023 i mí an Mhárta 2024.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag Gailearaí Ealaíne Crawford chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Ghailearaí Ealaíne Crawford ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus na bainistíochta sinsearaí laistigh de Ghailearaí Ealaíne Crawford atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh: I gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, an 27 Márta 2024 thug an Bord athbhreithniú bliantúil chun críche ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh sa Ghailearaí le haghaidh 2023. Breithníodh tuarascálacha ón bhfochoiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus ón Iniúchóir Inmheánach mar aon leis an gClár Riosca nuair a bhí an t-athbhreithniú á chur i gcrích. Tá an Bord sásta go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus gur dócha go n-aithneoidh próisis aon laige sa chóras agus go ndéanfaidh siad faireachán ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí is gá chun aghaidh a thabhairt ar laigí den sórt sin.

Thar ceann Bhord Ghailearaí Ealaíne Crawford

Rose McHugh
Cathaoirleach
Dáta: 12/6/2024

Ann Doherty
Stiúrthóir
12/6/2024



**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Crawford Art Gallery Cork

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Crawford Art Gallery Cork for the year ended 31 December 2023 as required under the provisions of section 5 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993. The financial statements comprise the statement of financial activities, the statement of comprehensive income, the balance sheet, the statement of cash flows and the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of Crawford Art Gallery Cork at 31 December 2023 and of its income and expenditure for 2023
- have been properly prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*, and
- have been properly prepared in accordance with the Companies Act 2014.

### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the company and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### *Conclusions related to going concern*

The directors have prepared the financial statements on a going concern basis. As described in the appendix to this report, I conclude on

- the appropriateness of the use by the directors of the going concern basis of accounting and
- whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the company's ability to continue as a going concern.

I have nothing to report in that regard.

### Opinion on matters prescribed by the Companies Act 2014

Based solely on the work undertaken in the course of the audit, I report that in my opinion

- the information given in the governance statement and Board members' report is consistent with the financial statements, and
- the governance statement and Board members' report has been prepared in accordance with the Companies Act 2014.

I have obtained all the information and explanations that I consider necessary for the purposes of my audit.

In my opinion, the accounting records of the Crawford Art Gallery Cork were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, and the financial statements are in agreement with the accounting records.

The Companies Act 2014 also requires me to report if, in my opinion, the disclosures of directors' remuneration and transactions required by sections 305 to 312 of the Act are not made. I have nothing to report in that regard.

## Report on information other than the financial statements, and on other matters

The directors have presented certain other information with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Paula O'Connor**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**
**18 June 2024**



## Appendix to the report

### Responsibilities of the Directors

As detailed in the governance statement and board members' report, the directors are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under the Companies Act 2014
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 5 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993 to audit the financial statements of Crawford Art Gallery Cork and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on Crawford Art Gallery Cork's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the company to cease being a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

#### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

## RÁITEAS AR IONCAM UILEGHABHÁLACH

nó le haghaidh na Bliana Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | Cistí srianta | Cistí neamhshrianta | Cistí dearlaice | Iomlán 2023 | Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | | |
| Ioncam Deontais | 2a | 2,941,776 | 2,578,000 | - | 5,519,776 | 4,976,140 |
| Tabhartais & Urraíocht | 2b | 22,111 | 25,184 | - | 47,295 | 120,979 |
| Ioncam Trádála | 2c | - | 85,790 | - | 85,790 | 55,919 |
| Ús Taisce Bainc | | - | 235 | - | 235 | 187 |
| Maoiniú Iarchurtha do shochair scoir | 17 | 183,000 | - | - | 183,000 | 138,000 |
| **Ioncam Iomlán** | | **3,146,887** | **2,689,209** | **-** | **5,836,096** | **5,291,225** |
| **Caiteachas** | | | | | | |
| Gníomhaíochtaí | 4 | (436,800) | (2,418,549) | - | (2,855,349) | (2,484,681) |
| Carthanachta | | - | - | - | - | - |
| **Tiomsú airgid** | | **(436,800)** | **(2,418,549)** | **-** | **(2,855,349)** | **(2,484,681)** |
| **Net Income** | | 2,710,087 | 270,660 | - | **2,980,747** | **2,806,544** |
| Sócmhainní Diúscairte | 7 | (5,579) | - | - | (5,579) | - |
| Shócmhainní Oidhreachta | 13 | - | - | - | - | 9,704,489 |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitil | 14 | (2,641,045) | - | - | (2,641,045) | (12,416,779) |
| Aistriú chuig Cistí neamhshrianta | | (63,463) | 63,463 | - | - | - |
| **Glanghluaiseacht sna Cistí** | | **-** | **334,123** | **-** | **334,123** | **94,254** |
| **Comhréiteach Cistí** | | | | | | |
| **Cistí tugtha ar aghaidh** | | 248,618 | 465,332 | - | 713,950 | 619,696 |
| **Cistí iomlána tugtha ar aghaidh** | | **248,618** | **799,455** | **-** | **1,048,073** | **713,950** |

Tá nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Ghailearaí Ealaíne Crawford

Rose McHugh
Cathaoirleach
Dáta: 12/6/2024

Ann Doherty
Stiúrthóir
12/6/2024





## RÁITEAS AR IONCAM UILEGHABHÁLACH

nó le haghaidh na Bliana Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Note | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Glanioncam le haghaidh na bliana | | 2,980,747 | 2,806,544 |
| Gnóthachan Achtúireach/(Caillteanas) tar éis Taithí ardhliteanais scéime pinsin | | (6,000) | (176,000) |
| Gnóthachan Achtúireach/(Caillteanas) tar éis Athrú ar Thoimhdí faoi dhliteanais scéime pinsin | | 15,000 | 377,000 |
| Athruithe ar thoimhdí is bun le luach láithreach na ndliteanais scéime pinsin | | - | - |
| Gnóthachan Achtúireach/(Caillteanas) ar dhliteanas pinsin | 17b | 9,000 | 201,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha | | (9,000) | (201,000) |
| Ioncam aitheanta iomlán le haghaidh na bliana | | 2,980,747 | 2,806,544 |

Tá nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh

Thar ceann Bhord Ghailearaí Ealaíne Crawford

Rose McHugh
Cathaoirleach
Dáta: 12/6/2024

Ann Doherty
Stiúrthóir
12/6/2024

## RÁITEAS AR IONCAM UILEGHABHÁLACH

nó le haghaidh na Bliana Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | € | € |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 6 | 194,218 | 231,045 |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 7 | 5,800,772 | 3,931,507 |
| Sócmhainní oidhreachta – saothair ealaíne | 8 | 35,620,627 | 34,812,020 |
| **Sócmhainní Seasta Iomlána** | | 41,615,617 | 38,974,572 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 9 | 126,760 | 34,878 |
| Stoic | 10 | 12,126 | 15,725 |
| Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh | 11 | 1,648,428 | 2,088,050 |
| Airgead Srianta sa Bhanc agus ar Láimh | 11 | 248,618 | 248,618 |
| **Dliteanais Reatha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin))** | | 2,035,932 | 2,387,271 |
| Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite dlite laistigh de bhliain amháin | 12 | (987,859) | (1,673,321) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 1,048,073 | 713,950 |
| Sócmhainn Maoiniúcháin Sochair Scoir Iarchurtha | 17 | 834,000 | 660,000 |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 17 | (834,000) | (660,000) |
| **Iomlán na nGlansócmhainní** | | 42,663,690 | 39,688,522 |
| **Cistí na Carthanachta** | | | |
| Ciste Srianta - Cuntas Caipitil | 14 | 41,615,617 | 38,974,572 |
| Ciste Srianta - Tiomantas Gibson | 15 | 248,618 | 248,618 |
| Ciste neamhshrianta – Cúlchiste ioncaim | | 799,455 | 465,332 |
| | | 42,663,690 | 39,688,522 |

Thar ceann Bhord Ghailearaí Ealaíne Crawford

Rose McHugh
Cathaoirleach
Dáta: 12/6/2024

Ann Doherty
Stiúrthóir
12/6/2024



Ráitis Airgeadais

## RÁITEAS MAIDIR LE SREAFAÍ AIRGID

nó le haghaidh na Bliana Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Réiteach Barrachais Oibriúcháin le Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | € | € |
| Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas | 2,980,747 | 2,806,544 |
| ar Shaothair Ealaíne Bronnta | (11,100) | (50,000) |
| Dímheas agus Lagú Sócmhainní Seasta | 124,927 | 107,667 |
| Aistriú Sócmhainní Oidhreachta | - | 21,363 |
| (Laghdú)/Méadú ar Suimeanna Iníoctha | (685,462) | 885,671 |
| (Méadú)/Laghdú ar Suimeanna Infhaighte | (91,882) | 14,328 |
| Laghdú ar Fhardal | 3,599 | 2,051 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **2,320,829** | **3,787,624** |
| **Ráiteas ar Shreafaí Airgid** | | |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Caiteachas ar Shócmhainní Seasta: | | |
| Maoin, Gléasra, Trealamh agus Doláimhsithe | (1,962,943) | (2,624,645) |
| Saothar ealaíne | (797,508) | (166,675) |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(2,760,451)** | **(2,791,320)** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | - | - |
| **Ráiteas ar Shreafaí Airgid** | - | - |
| **Glanmhéid (laghdú)/Méadú ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid Thirim** | **(439,622)** | **996,304** |
| Glanchistí an 1 Eanáir (de réir ráitis airgeadais iniúchta an Chláir Comhardaithe) | 2,336,668 | 1,340,364 |
| Glanchistí an 31 Eanáir (de réir an Chláir Comhordaithe lúide cistí srianta) | 1,897,046 | 2,336,668 |
| **Gluaiseachtaí i nGlanchistí sa Bhliain** | **(439,622)** | **996,304** |

Tá nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Ghailearaí Ealaíne Crawford

Rose McHugh
Cathaoirleach
Dáta: 12/6/2024

Ann Doherty
Stiúrthóir
12/6/2024

## RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHISTÍ NA CARTHANACHTA

nó le haghaidh na Bliana Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Ciste Srianta: Cuntas Caipitil | Cistí Srianta Eile | Ciste Srianta - Tiomnacht Gibson | Ciste Neamhshrianta (Cúlchiste Ioncaim) | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2022** | **26,557,793** | **-** | **248,618** | **371,078** | **27,177,489** |
| Glanbharrachas Oibriúcháin | - | 2,724,878 | - | 81,666 | 2,806,544 |
| Athluacháil ar Shócmhainní Oidhreachta | - | 9,704,489 | - | - | 9,704,489 |
| Aistriú cistí | 12,416,779 | (12,429,367) | - | 12,588 | - |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2022** | **38,974,572** | **-** | **248,618** | **465,332** | **39,688,522** |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2023** | **38,974,572** | **-** | **248,618** | **465,332** | **39,688,522** |
| Glanbharrachas Oibriúcháin | - | 2,710,087 | - | 270,660 | **2,980,747** |
| Aistriú cistí | 2,641,045 | (2,710,087) | - | 63,463 | **(5,579)** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2023** | **41,615,617** | **-** | **248,618** | **799,455** | **42,663,690** |





## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

nó le haghaidh na Bliana Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

### 1.BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Gailearaí Ealaíne Crawford Chorcaí leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fad i rith na bliana agus le haghaidh na bliana roimhe sin.

**a) Faisnéis Ghinearálta**

Is cuideachta é Gailearaí Ealaíne Crawford Chorcaí atá corpraithe in Éirinn faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is é seoladh na hoifige cláraithe Gailearaí Ealaíne Crawford, Plás Emmet, Corcaigh, T12 TNE6. Is Eintiteas Tairbhe Poiblí (PBE) é Gailearaí Ealaíne Crawford i gCorcaigh. Tá cineál oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí leagtha amach sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Bhaill an Bhoird ar leathanach 5-7. Is iad seo a leanas príomhchuspóir Ghailearaí Ealaíne Crawford i gCorcaigh mar atá leagtha amach sa Mheabhrán Comhlachais (Cuid 2):

(a)oideachas a chur chun cinn trí chleachtas na healaíne, na dealbhóireachta agus an deartha a fhorbairt agus a chur chun cinn agus sna mínealaíona agus sna healaíona feidhmeacha i gcoitinne agus Gailearaí Ealaíne Crawford Chorcaí a chur chun cinn mar ionad oideachais le haghaidh na n-ealaíona agus mar mhórionad cultúrtha agus ealaíonta.

(b)oideachas a chur chun cinn trí shaoráidí a chur ar fáil do thaispeántais, taibhithe, taispeáintí, léirithe, comhdhálacha, léachtaí, turais, cuairteanna, feidhmeanna cultúrtha agus ealaíonta agus gníomhaíochtaí gaolmhara agus páirt a ghlacadh i gcur chun cinn gníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíonta den sórt sin.

**b) Ráiteas Comhlíonachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Ghailearaí Ealaíne Crawford le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, agus i gcomhréir leis an Ráiteas Cleachtais Mholta is infheidhme maidir le carthanais atá ag ullmhú a gcuntas i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ((FRS 102) - (CSORP (FRS102).

**c) Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Carthanas SORP agus ullmhaíodh iad i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh.

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA – AR LEAN

**d) CSORP agus Socruithe Idirthréimhseacha**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le CSORP. Ba é an 1 Eanáir 2022 an dáta éifeachtach chun CSORP a ghlacadh. Níor tháinig aon choigeartú bliana roimhe sin chun cinn mar gheall ar ghlacadh CSORP.

**e) Gnóthas Leantach**

Tá barrachas €334,123 déanta ag an nGailearaí le haghaidh na bliana airgeadais (2022:

€94,254) agus bhí glansócmhainní €42,663,690 aige (2022: €39,688,522) ar dháta an Chláir Comhardaithe. Le réamhaisnéisí ar shreabhadh airgid arna n-ullmhú ag an mbainistíocht tugtar le fios go bhfuiltear ag súil go mbeidh sreafaí airgid leordhóthanacha ag an nGailearaí chun leanúint dá oibríochtaí ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta sínithe na ráiteas airgeadais.

Measann na Stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais sin aon choigeartú ar an tsuim ghlanluacha ná ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá mba rud é nach mbeadh an Gailearaí in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

**f) Ioncam**

Déantar ioncam a idirdhealú mar ioncam srianta nó mar ioncam neamhshrianta. Tugtar cuntas ar ioncam mar chistí srianta nuair a shonraíonn an ranníocóir amhlaidh é. Déileáiltear le cistí den sórt sin is infhaighte chun críocha srianta tríd an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais – cistí srianta, ar bhonn feidhmíochta. Déileáiltear le caiteachas ó na cistí sin sna cistí sonracha tríd an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais.

Ní aithnítear ioncam trína áireamh sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais ach amháin nuair atá an Gailearaí Ealaíne Crawford Ltd i dteideal an ioncaim go dlíthiúil, nuair a chomhlíontar aon choinníollacha feidhmíochta a ghabhann leis an ioncam, nuair is féidir na méideanna atá i gceist a thomhas le hiontaofacht leordhóthanach agus nuair is dócha go bhfaighfear an t-ioncam.

Déileáiltear le cistí is infhaighte nach bhfuil aon chuspóir sonrach sonraithe ag an ranníocóir ina leith sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais – cistí neamhshrianta, ar bhonn feidhmíochta.





## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA – AR LEAN

<u>Deontais ón Oireachtas</u>

Aithnítear deontais an Oireachtais ar bhonn feidhmíochta mar a éilítear faoin CSORP. Ceanglaítear leis an mbonn feidhmíochta go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a bhaineann le feidhmíocht sular féidir an t-ioncam a aithint. Ina theannta sin, ní mór coinníollacha breise maidir le teidlíocht, dóchúlacht, tomhas a chomhlíonadh freisin sula n-aithnítear an t-ioncam i gcuntais. Mura bhfuil coinníollacha feidhmíochta ag baint le deontas, beidh feidhm ag na coinníollacha maidir le teidlíocht, tomhas agus dóchúlacht.

<u>Deontais eile neamh-Rialtais</u>

Aithnítear deontais neamh-Rialtais ar bhonn fabhraithe a luaithe a chomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le dóchúlacht, teidlíocht agus tomhas.

<u>Ioncam eile</u>

Ioncam ó thabhartais, deontais, urraíochtaí, cíos agus ioncam a fhaightear ó thurais agus ó cheardlanna oideachais nuair a bhíonn teidlíocht ar na cistí, aithnítear é nuair a chomhlíontar aon choinníoll feidhmíochta a ghabhann leis an mír/na míreanna ioncaim, nuair is dócha go bhfaighfear an t-ioncam, agus nuair is féidir an méid a thomhas go hiontaofa.

<u>Tabhartais ón bpobal</u>

Tugtar aitheantas do shíntiúis airgid ón bpobal nuair a fhaightear iad.

<u>Ioncam úis</u>

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag úsáid mhodh an ghlanráta úis.

<u>Deonacháin Earraí agus Seirbhísí</u>

Aithnítear tabhartais earraí agus seirbhísí tar éis luach cóir a fháil. Is é luach cóir an costas a bhaineann le hearraí agus seirbhísí den sórt sin a fháil. Aithnítear síntiúis den sórt sin mar ioncam agus caiteachas araon sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais.

**g) Saothar Ealaíne Bronnta**

Aithnítear Obair Dheonaithe Ealaíne a fhaightear i ngnáthghníomhaíocht an Ghailearaí mar Ioncam sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais. Déantar sócmhainní deonaithe a luacháil ag luach cóir.

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA – AR LEAN

### h) Sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe

Déantar maoin, gléasra, agus trealamh a thaifeadadh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon fhoráil maidir le lagú. Cuirtear dímheas ar fáil i dtaca le gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, seachas Sócmhainní Oidhreachta, ag rátaí a mheastar a dhíscríobhann an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar a saolréanna úsáide measta, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Feabhsú ar áitreabh léasachta | 2% Líne Dhíreach |
| Trealamh | 12,5% Líne Dhíreach |
| Troscán agus daingneáin | 12,5% Líne Dhíreach |
| Cartlann dhigiteach | 12,5% Líne Dhíreach |

Is éard atá sa luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair as diúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh sócmhainn in aois agus i riocht lena bhfuil coinne ag deireadh a saolré úsáide cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais le linn na bliana.

### i) Sócmhainní Oidhreachta

Coinnítear saothair ealaíne bhronnta faoi luacháil. Déanann Stiúrthóir an Ghailearaí luachálacha tosaigh i gcomhairle saineolaithe i réimsí ar leith, chomh maith le bailiú torthaí tithe ceantála agus díolacháin a baineadh amach le déanaí le haghaidh saothair ar leith. Coinnítear saothair ealaíne cheannaithe agus saothair ealaíne shrianta ar chostas. Ó 2022 ar aghaidh, déanfar athbhreithniú ar luach sócmhainní oidhreachta ar bhonn tréimhsiúil agus samplach, agus an difríocht a thagann as sin idir an luach de réir na leabhar agus méideanna athluacháilte, déanfar í a thaifeadadh sna cuntais. Ag gach dáta tuairiscithe, cinneann an Gailearaí an bhfuil aon cheann dá shócmhainní oidhreachta lagaithe.

### j) Fardal

Fardail a thomhas ag cibé ceann is ísle an bunchostas nó an praghas díola measta lúide costais a chur i gcrích agus a dhíol.

### k) Earraí infhaighte

Aithnítear earraí infhaighte ag luach cóir, lúide soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach é an soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Gailearaí Ealaíne Crawford Teo in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais na gluaiseachtaí go léir san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha.





## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA – AR LEAN

### l) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr suimeanna iníoctha ar an gClár Comhardaithe.

Sochair Scoir

Thángthas ar chomhaontú i mí Iúil 2011 leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus le Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí chun ranníocaíochtaí sochair scoir na foirne a aistriú ar ais chuig scéim Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus dá bhrí sin níl aon dliteanas glan breise i leith teidlíochtaí pinsin ag gabháil leis an nGailearaí.

Tá baill foirne nua iontrála atá fostaithe ag an gcuideachta tar éis 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an chuideachta na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail i gcás bhaill foirne atá mar chuid den scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach mí de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Tá an dliteanas pinsin de €834,000 agus an tsócmhainn chomhfhreagrach de €834,000 ón Stát aitheanta sa Chlár Comhardaithe.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe NDP. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid is féidir a ghnóthú agus a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais iarbhír a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an méid is in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Léirítear sna Ráitis Airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Ghailearaí agus as aon mhaoiniú gaolmhar agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta.

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA – AR LEAN

**m) Cuntas Caipitil**

Léiríonn an cuntas caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun críocha caipitiúla chomh maith le haistriú saothar ealaíne deonaithe ón Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais.

**n) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta**

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an Chláir Comhardaithe agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus speansas le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas ba mhó tionchar ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

**Príomhfhoinse meastacháin – Scéim pinsin**

Cinntear costas pleananna pinsin le sochar sainithe trí luachálacha achtúireacha a úsáid. Is éard atá i gceist leis an luacháil achtúireach toimhdí a dhéanamh maidir le rátaí lascaine, méaduithe tuarastail sa todhchaí, rátaí mortlaíochta agus méaduithe pinsin sa todhchaí. I ngeall ar chastacht na luachála, ar na buntoimhdí agus ar chineál fadtéarmach na bpleananna sin, tá na meastacháin sin faoi réir éiginnteacht shuntasach.

**Príomhfhoinse meastacháin — Saolréanna Úsáideacha Measta**

Chun an muirear dímheasa bliantúil agus an méid amúchta deontais a chinneadh le haghaidh gach catagóire sócmhainne, ní mór don chuideachta meastachán a dhéanamh ar shaolré úsáideach measta a sócmhainní chun an tsócmhainn a dhímheas nó an deontas a amúchadh.

**o) Luacháil ar Shaothar Ealaíne Deonaithe**

Déanann Stiúrthóir an Ghailearaí sócmhainní bronnta a luacháil i gcomhairle saineolaithe i réimsí ar leith, chomh maith le torthaí na dtithe ceantála a bhailiú agus díolacháin a baineadh amach le déanaí le haghaidh saothar ealaíne ar leith.





## 2. IONCAM

a) **Ioncam ó Dheontais**
Maidir le Deontais an Oireachtais a vótáladh i bhfabhar Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh ó Vóta 33 (an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán), mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais, is éard atá iontu:

| An Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht Spórt agus Meáin | Sub-head | Restricted 2023 | Unrestricted 2023 | Total 2023 | Total 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| Chaipitiúil le haghaidh Caiteachais Chaipitiúil | B5 | - | 2,240,000 | **2,240,000** | 1,991,000 |
| Deontas i leith Caiteachais Chaipitiúil | B5 | 162,000 | - | **162,000** | 162,000 |
| Deontas Breise Chaipitiúil le haghaidh Caiteachais Chaipitiúil | B7 | 2,661,914 | - | **2,661,914** | 2,641,907 |
| Deontas Comórtha | | | | | |
| Céad Bliain | B15 | 58,449 | - | **58,449** | 24,285 |
| Brian Maguire | B6 | - | - | **-** | 3,210 |
| Eile | B6 | - | 65,000 | **65,000** | 7,444 |
| Doug Fishbone | B6 | - | - | **-** | - |
| Fheachtas Margaíochta | | | | **-** | - |
| Geimhridh | B6 | 59,413 | - | **59,413** | - |
| Deontas Iarchurtha | | - | - | **-** | - |
| maoiniú breise ón roinn-Fuinneamh | B6 | - | 273,000 | **273,000** | 130,000 |
| Maoiniú breise ón Roinn - Geilleagar oíche & oíche chultúir | B6 | - | - | **-** | 16,294 |
| | | **2,941,776** | **2,578,000** | **5,519,776** | 4,976,140 |

| b) Síntiúis agus Urraíocht | Srianta 2023 | Neamhshrianta 2023 | Iomlán 2023 | Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Poiblí | - | 16,434 | **16,434** | 20,794 |
| Síntiúis Chomhchineáil* | - | - | **-** | 8,683 |
| Saothar ealaíne | 11,100 | - | **11,100** | 50,000 |
| Urraíocht | 11,011 | 8,750 | **19,761** | 41,502 |
| | **22,111** | **25,184** | **47,295** | 120,979 |

*Tagraíonn síntiúis chomhchineáil do sheirbhísí péintéireachta a bronnadh ar Ghailearaí Ealaíne Crawford

## 2 IONCAM-AR LEAN

| c) Gníomhaíochtaí Trádála | Restricted 2023 € | Unrestricted 2023 € | Total 2023 | Total 2022 € |
|---|---|---|---|---|
| Brabús Ghailearaí an tSiopa **(nóta 2d)** | - | 18,181 | **18,181** | 20,571 |
| Ioncam ó Chíos | - | 24,430 | **24,430** | 7,020 |
| Education | - | 21,332 | **21,332** | 19,960 |
| Lacáiste CBL a Fuarthas | - | 21,847 | **21,847** | 8,368 |
| | - | 85,790 | **85,790** | 55,919 |

| d) Brabús Shipa an Ghallearaí | Restricted 2023 € | Unrestricted 2023 € | Total 2023 € | Total 2022 € |
|---|---|---|---|---|
| **Sales** | - | 43,817 | 43,817 | 44,303 |
| Cost of Sales | | | | |
| Opening Stock | - | 15,725 | **15,725** | 17,776 |
| Purchases | - | 22,037 | **22,037** | 21,681 |
| Closing Stock | | (12,126) | **(12,126)** | (15,725) |
| **Gross Profit** | - | 18,181 | **18,181** | 20,571 |

## 3 FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAR

| a) An líon Fostaithe | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Meánlíon na ndaoine atá fostaithe ag an gcuideachta (lena n-áirítear an Stiúrthóir) i rith na bliana | 24 | 24 |

Ba é sprioc chreat rialaithe eacnamaíoch Ghailearaí Ealaíne Crawford in 2023 17.9, ba é 18.8 an líon iomlán ball foirne a bhí fostaithe ar an bhfoireann lánaimseartha choibhéiseach amhail an 31 Nollaig 2023. Ba é 16.3 sprioc an chreat rialaithe eacnamaíoch in 2022, ba é 18.9 an líon iomlán foirne a bhí fostaithe amhail an 31 Nollaig 2022.



Ráitis Airgeadais
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
nó le haghaidh na Bliana Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 3. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAR – AR LEAN

**Is éard a bhí sna costais foirne: -**

| (b) Sochair chomhiomlánaithe fostaithe | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Sochair Ghearrthéarmacha Foirne | 929,787 | 844,848 |
| Employers Contribution to Social Welfare | 96,138 | 91,155 |
| | 1,025,925 | 936,003 |

| (c) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Pá Bunúsach | 929,787 | 844,848 |
| | 929,787 | 844,848 |

| (d) Sochair i dtaca le Foirceannadh | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Príomhphearsanra bainistíochta | | |
| Costas íocaíochta | - | - |
| | - | - |

| (e) Príomhphearsanra bainistíochta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Costas íocaíochta | 322,977 | 317,158 |
| | 322,977 | 317,158 |

Is iad príomhphearsanra bainistíochta i nGailearaí Ealaíne Crawford baill an Bhoird, Stiúrthóir an Ghailearaí agus an fhoireann Ardbhainistíochta.

**(f) Luach saothar Ghailearaí an Stiúrthóra**

Ba é €112,562 luach saothair Stiúrthóirí an Ghailearaí le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 (2022: €108,579). Ba iad na costais taistil a thabhaigh an Stiúrthóir €12,656.

## 3 EMPLOYEES AND REMUNERATION – CONTINUED

**(g) Other Remuneration and ASC**

Additional Superannuation Contribution (ASC) of €11,561 (2022: €9,687) has been deducted from salaries and paid over to the Department of Public Expenditure, NDP Delivery and Reform (DPER). Contracted staff costs of €124,805 (2022: €142,146) are not included in staff costs of €1,025,925. These costs are included in expenditure as follows:

**Charitable activities - Note 4:** - Education €21,553, Advertising & Marketing €28,652, Health and Safety & Covid costs €20,300.
**Support Costs - Note 5:** Accounting and Admin services €27,763.
**Digital Archive - Note 6:** – Archiving costs €26,537.

## 4 ANALYSIS OF CHARITABLE ACTIVITIES

| | Cistí Srianta | Cistí Neamhshrianta | Iomlán 2023 | Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Costais phá foirne | - | 707,751 | **707,751** | 640,067 |
| Costas seirbhíse pinsin **(nóta 17)** | 160,000 | - | **160,000** | 128,000 |
| Costas úis pinsin **(nóta 17)** | 23,000 | - | **23,000** | 10,000 |
| Rialachas | - | 33,952 | **33,952** | 32,650 |
| Costais Tacaíochta **(nóta 5)** | - | 446,259 | **446,259** | 375,678 |
| Dímheas | 124,927 | - | **124,927** | 107,667 |
| Aistriú Sócmhainne Oidhreachta | - | - | **-** | 21,363 |
| Taispeántais | 58,449 | 405,636 | **464,085** | 415,626 |
| Oideachas | 11,011 | 78,938 | **89,949** | 110,634 |
| Fógraíocht agus CP | 59,413 | 113,631 | **173,044** | 119,028 |
| Stóras agus Iompar | - | 30,355 | **30,355** | 9,741 |
| Cothabháil & árachas maoine | - | 124,929 | **124,929** | 137,053 |
| Sláinte & Sábháilteacht | - | 36,132 | **36,132** | 39,341 |
| Taisteal agus Cothabháil | - | 18,652 | **18,652** | 17,317 |
| Imeachtaí | - | 311 | **311** | 2,659 |
| Slándáil | - | 177,043 | **177,043** | 166,587 |
| Solas agus Teas | - | 125,704 | **125,704** | 78,857 |
| Teileafón agus TF | - | 24,039 | **24,039** | 25,840 |
| Comhairleoireacht | - | 72,402 | **72,402** | 34,203 |
| Oiliúint Foirne | - | 4,276 | **4,276** | 5,352 |
| Aistriúchán | - | 14,434 | **14,434** | 4,434 |
| Táillí bainc | - | 4,105 | **4,105** | 2,584 |
| **Iomlán** | 436,800 | 2,418,549 | **2,855,349** | 2,484,681 |





## 5 SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

| | Gníomhaíochtaí Carthanúla 2023 | Cistí a chruinniú 2023 | Iomlán 2023 | Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Rialachas | 132,509 | - | 132,509 | 130,933 |
| Airgeadas | 127,219 | - | 127,119 | 95,483 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 93,888 | - | 93,888 | 58,690 |
| Acmhainní Daonna | 56,659 | - | 56,659 | 55,446 |
| Seirbhísí Oifige | 35,984 | - | 35,984 | 35,126 |
| **Costas** | **446,259** | **-** | **446,259** | 375,678 |

Áirítear ar chostais tacaíochta feidhmeanna na hoifige lárnaí, amhail rialachas, bainistíocht ghinearálta, riarachán párolla, buiséadú agus cuntasaíocht, faisnéis teicneolaíochta, acmhainní daonna agus airgeadas.

## 6 SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

| | Digital Archive |
|---|---|
| **Costas** | € |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 377,008 |
| Forlíontáin | 7,559 |
| Diúscairt | - |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 384,567 |
| | |
| **Dímheas** | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 145,963 |
| Muirear le haghaidh na bliana | 44,386 |
| Diúscairt | - |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 190,349 |
| | |
| **Glanluachanna de réir na Leabhar** | |
| **An 31 Nollaig 2023** | **194,218** |
| **An 31 Nollaig 2022** | **231,045** |

## 7. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | Troscán & Suiteacha | Feabhas ar Áitribh Léasa | Trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas/Luacháil** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 164,855 | 3,697,596 | 708,482 | 4,570,933 |
| Breiseanna | - | 1,928,862 | 26,521 | 1,955,383 |
| Diúscairt | (51,236) | (44) | (99,574) | (150,854) |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 113,619 | 5,626,414 | 635,429 | 6,375,462 |
| **Dímheas** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 157,776 | 54,883 | 426,767 | 639,426 |
| Muirear don bhliain | 3,430 | 7,330 | 69,781 | 80,541 |
| Diúscairt | (53,064) | - | (92,213) | (145,277) |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 108,142 | 62,213 | 404,335 | 574,690 |
| **Glanluachanna leabhar** | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 5,477 | 5,564,201 | 231,094 | 5,800,772 |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | 7,079 | 3,642,713 | 281,715 | 3,931,507 |

Is éard atá i gceist le forlíontáin leis an Áitreabh Léasachta caiteachas a bhaineann le hullmhú chéim an Cháis Gnó Deiridh den Mháistirphlean Forbartha. Is iad na costais go dtí seo táillí gairmiúla a íoctar leis an bhfoireann dearaidh chomhtháite faoi stiúir Grafton Architects, bainistíocht clár, soláthar, táillí QS agus táillí ilghnéitheacha dlí agus suirbhé eile is infheidhme maidir leis an gcéim seo den tionscadal.

Baineann diúscairtí le hathbhreithniú ar shócmhainní seasta a rinneadh i rith na bliana, agus díscríobhadh sócmhainní nach bhfuil á n-úsáid ná á ndiúscairt a thuilleadh dá réir sin.





## 8. SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA - SAOTHAIR EALAÍNE

| | Saothar Ealaíne Srianta | Saothar Ealaíne Ceannaithe | Saothar Ealaíne Deonaithe | Total |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas/Luacháil** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 545,773 | 801,304 | 33,464,943 | 34,812,020 |
| Forlíontáin | 605,197 | 192,310 | 11,100 | 808,607 |
| Diúscairt | - | - | - | - |
| Athluacháil ar Shaothair Ealaíne Bronnta | - | - | - | - |
| Ar 31 December 2023 | 1,150,970 | 993,614 | 33,476,043 | 35,620,627 |

Tá luach ag baint le haitheantas tosaigh a thabhairt d'obair ealaíne a bronnadh, mar atá measta ag Stiúrthóir an Ghailearaí. Déantar na luachálacha tosaigh trí thorthaí tithe ceantála a lua agus a thiomsú le haghaidh saothair ealaíne chomhchosúla agus trí dhul i gcomhairle saineolaithe nuair is gá. Ag gach dáta tuairiscithe, déantar measúnú ar gach saothar ealaíne maidir le lagú mar gheall ar mheath fisiceach, briseadh nó amhras maidir lena mbarántúlacht. Tá thart ar 4,000 saothar sa Ghailearaí i réimse meán éagsúil, ola ar chanbhás den chuid is mó, uiscedhath ar pár, dealbha cloiche agus miotail agus gloine dhaite. Síneann scóip na hoibre ó Phéintéireachtaí Éireannacha agus Eorpacha ón ochtú haois déag, dealbhóireachtaí ón ochtú haois déag go suiteán físeán comhaimseartha.

Déanann Foireann an Ghailearaí plé agus measúnú ar gach moladh maidir le saothair nua a fháil do bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford, cibé acu trí cheannach, trí bhronntanas, trí thiomnacht nó ar bhealach eile. Déanann an Fochoiste um Beartas Ealaíne, a chuireann an togra i láthair, an togra a athbhreithniú ansin lena fhaomhadh don Bhord. Tá saothair Ealaíontóirí Éireannacha an 20ú agus an 21ú haois lárnach sa bhailiúchán. Tá an bailiúchán comhaimseartha ag Crawford dírithe go mór ar Ealaín na hÉireann, agus ní Ealaín na hÉireann ar fad atá ann. Déantar gach ceannachán a dhoiciméadú i gcomhréir le nósanna imeachta an Ghailearaí.

Geallann an Gailearaí go dtabharfaidh sé aire bhuan do shaothair sa bhailiúchán, ach mar gheall ar chúinsí ar leith, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le réad a dhí-aontú. Tá Beartas Dí-Aontúcháin agus Aistrithe ag an ngailearaí a rialaíonn an próiseas sin agus ní mór faomhadh a fháil ó Fhoireann an Ghailearaí, ón bhFochoiste um Beartas Ealaíne agus ón mBord maidir le haon dí-aontachas.

Tá dícheall cuí á dhéanamh ag an nGailearaí maidir lena shócmhainní ealaíne a chaomhnú agus a bhainistiú — cinntíonn sé go dtaispeántar saothair ar bhealach a íoslaghdaíonn an baol go ndéanfar damáiste tionóisceach. Déanann an Gailearaí monatóireacht ar dhálaí aeráide agus cloítear go docht le bearta stórála leordhóthanacha, agus ina theannta sin tá taifeadadh CCTV ag feidhmiú go hiomlán ag cinntiú go bhfuil na saothair go léir daingnithe i gcoinne gadaíochta agus slándála.

## 8 SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA - SAOTHAIR EALAÍNE - AR LEAN

Tá pearsanra suite ag an mbealach isteach chuig an nGailearaí agus tá foireann feitheoireachta i láthair ar fud an fhoirgnimh freisin.

Tá an Gailearaí ar oscailt saor in aisce don phobal seacht lá na seachtaine (10 r.n. - 5 i.n. gach lá ó Luan go Satharn agus cuirtear síneadh leis an oscailt go dtí 8 r.n. Déardaoin, an Domhnach agus Laethanta Saoire Bainc 11 r.n. - 4i.n.) i rith na bliana.

| i leith na bliana | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | b/f 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € |
| **Costas/Luacháil** | | | | | | |
| Saothar ealaíne | 192,310 | 149,953 | 396,108 | 82,066 | 33,542 | 685,408 |
| Srianta | - | - | - | - | - | - |
| Diúscairt | - | - | - | - | - | - |
| **Ceannaithe Saothar ealaíne** | **192,310** | **149,953** | **396,108** | **82,066** | **33,542** | **685,408** |
| Deonaithe Saothar ealaíne | 11,100 | 50,000 | 885,500 | 3,000 | 17,407,634 | 5,414,320 |
| Srianta | - | - | - | - | - | - |
| Athluacháil | - | - | - | - | 9,704,489 | - |
| **Deonaithe Saothar ealaíne** | **11,100** | **50,000** | **885,500** | **3,000** | **27,112,123** | **5,414,320** |

## 9 FEICHIÚNAITHE

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe | 13,744 | 12,769 |
| Réamhíocaíochtaí agus Infháltais Eile | 113,016 | 22,109 |
| Soláthar d'fhiacha amhrasacha | - | - |
| | 126,760 | 34,878 |



Ráitis Airgeadais
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
nó le haghaidh na Bliana Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 10 STOIC

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Stoic Deiridh Shiopa an Ghailearaí | 12,126 | 15,725 |
| | 12,126 | 15,725 |

Ba é luach an stoic a aithníodh mar speansas le linn na bliana airgeadais €25,636 (2022: €23,732).

## 11 BHANC AGUS AR LÁIMH

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Airgead sa Bhanc agus ar Láimh | 1,648,428 | 2,088,050 |
| Airgead Srianta, Airgead sa Bhanc agus ar láimh | 248,618 | 248,618 |
| | 1,897,046 | 2,336,668 |

## 12 CREIDIÚNAITHE: MÉIDEANNA ATÁ DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe trádála | 74,929 | 127,519 |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | 184,277 | 120,486 |
| CBL iníoctha | 13,443 | 2,237 |
| Asbhaintí párolla iníoctha | 23,070 | 19,905 |
| CSG | 5,690 | 10,404 |
| Creidiúnaithe eile | - | - |
| Ioncam ó dheontais iarchurtha | 686,450 | 1,392,770 |
| | 987,859 | 1,673,321 |

## 13 SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA A ATHLUACHÁIL

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Luach bunaidh sócmhainní oidhreachta deonaithe Luacháil bunaithe ar luachálaithe seachtracha Athluacháil ar Shócmhainní Oidhreachta | - | 14,995,511 |
| | - | 24,700,000 |
| | - | 9,704,489 |

I mí na Samhna 2021, rinne teach ceantála seachtrach saineolaithe luacháil ar shampla de shócmhainní oidhreachta ardluacha a deonaíodh. B'ionann an sampla seo agus os cionn 50% de luach na sócmhainní oidhreachta deonaithe de réir na leabhar. Leagtar amach thuas an méadú a tháinig ar an luacháil dá thoradh.

## 14 CUNTAS CAIPITIL

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| **Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir** | 38,974,572 | 26,557,793 |
| **Aistriú chuig an gCuntas Caipitil:** | | |
| Athluacháil ar Shócmhainní Oidhreachta | - | 9,704,489 |
| ar Shaothair Ealaíne Bronnta | 11,100 | 50,000 |
| Forlíontáin sócmhainní seasta a mhaoiniú | | |
| – Sócmhainní inláimhsithe | 1,962,942 | 2,624,644 |
| – Saothar ealaíne | 192,310 | 36,780 |
| – Saothar ealaíne coimisiúnaithe | 605,197 | 129,896 |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas | (124,927) | (107,667) |
| | 2,635,522 | 2,683,653 |
| **Aistriú ón gCuntas Caipitil:** | | |
| Diúscairt sócmhainní seasta | | |
| – Sócmhainní Inláimhsithe | (150,854) | - |
| – Dímheas Carntha | 145,277 | - |
| | (5,577) | - |
| **Cartlann Watson a Aistriú** | - | (21,363) |
| **Aistriú ón Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | 2,641,045 | 12,416,779 |
| **Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig** | 41,615,617 | 38,974,572 |

Le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023 bronnadh saothair ealaíne éagsúla ar Ghailearaí Ealaíne Crawford, agus ba é luach iomlán na ndeonachán sin le haghaidh na bliana €11,100 (2022 €50,000). Ina theannta sin, diúscraíodh sócmhainní seasta inláimhsithe éagsúla. In 2022 aistríodh Cartlann Watson chuig Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.





## 15 CISTE SRIANTA – TIOMANTAS GIBSON

D'aistrigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí suim airgid €248,618 arb é an ciste a thiomnaigh Joseph Stafford Gibson. Tá an ciste sin á shealbhú mar airgead srianta sa bhanc agus ar láimh de réir théarmaí bunaidh an tiomnachta. Is tiomnacht/iontaobhas carthanachta é an tiomnacht in uacht Joseph Stafford Gibson nach maireann ina bhfuil critéir shonracha maidir le húsáid na gcistí agus sin an fáth a bhfuil sé srianta.

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford ag déanamh taighde ar chóras dámhachtana inbhuanaithe ábhartha don chiste, agus tabharfar doiciméad beartais chun críche in 202.

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| **Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir** | 248,618 | 248,618 |
| Faighte i rith na bliana | - | - |
| **Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig** | 248,618 | 248,618 |

## 16 CUNTAS CAIPITIL

Tá an chuideachta díolmhaithe ó chánachas mar gheall ar a stádas carthanúil. Is é an uimhir díolúine cánach carthanais CHY18818.

## 17 SCÉIMEANNA PINSIN

**(a) Luacháil achtúireach**

Mar atá leagtha amach i Nóta 1 (k), tá daoine atá fostaithe ag an gcuideachta ó roimh Eanáir 2013 ina mbaill de scéim neamhchistithe aoisliúntais le sochar sainithe. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoin Scéim as ioncam reatha agus muirearaítear iad ar an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha. Aithnítear méid ioncaim comhfhreagrach chun a léiriú gur dliteanas de chuid an stáit iad na híocaíochtaí pinsin ar deireadh

**(b) Nochtuithe**
**Toimhdí Airgeadais**:
Leagtar amach thíos na príomhthoimhdí airgeadais a úsáidtear sa tuarascáil seo:

| | Réamh-mheasta Aonad 2023 | Réamh-mheasta Unit 2022 |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 3.30% | 3.50% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | 3.65% | 4.00% |
| Ráta an mhéadaithe ar phinsin | 3.15% | 3.50% |
| Boilsciú | 2.15% | 2.50% |

## 17 SCÉIMEANNA PINSIN - AR LEAN

**(b) Nochtuithe - Toimhdí Airgeadais - Toimhdí Básmhaireachta ar Lean**

Tá an bhásmhaireacht bunaithe ar 58% de ITL15 le haghaidh na bhfear agus 62% de ITL15 le haghaidh na mban, agus

méadú bliantúil iolraithe ó 2014 go dtí luach blianachta:

0.36% (fir gan pinsean an chéile)
0.30% (mná gan pinsean an chéile)
0.30% (fir gan pinsean an chéile)
0.25% (mná gan pinsean an chéile)

An 31 Nollaig 2023, d'úsáideamar toimhdí mortlaíochta do phinsinéirí amach anseo ar bhonn táblaí mortlaíochta caighdeánacha lena gceadaítear feabhsuithe mortlaíochta amach anseo. Is iad seo a leanas na hionchais saoil ó aois 65 le haghaidh aoiseanna samplacha (tugadh ionchas saoil an 31 Nollaig 2022 freisin le haghaidh comparáide)

| **Ionchas saoil ag 65** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Fear, atá 45 bliana d'aois anois | 24.4 bliain | 24.2 bliain |
| Fear, atá 65 bliana d'aois anois | 22.7 bliain | 21.9 bliain |
| Bean, atá 45 bliana d'aois anois | 26.8 bliain | 26.3 bliain |
| Bean, atá 65 bliana d'aois anois 25.1 bliain | 25.1 bliain | 24.3 bliain |

**Ioncam agus Caiteachas a Aithint**
Is iad seo a leanas na méideanna a aithnítear sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | € | **€** |
| Ollchostas Seirbhíse (Nóta 4) | 160,000 | 128,000 |
| Glanchostas Úis (Nóta 4) | 23,000 | 10,000 |
| **Iomlán** | 183,000 | 138,000 |





## 17 SCÉIMEANNA PINSIN - AR LEAN

a) **Nochtuithe – ar lean**

**Réiteach Gluaiseachta faoi Oibleagáid Sochair Shainithe**

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Oibleagáid oscailte sochar sainithe** | 660,000 | 723,000 |
| Mórchostas seirbhíse (Nóta 4) | 160,000 | 128,000 |
| Costas úis (Nóta 4) | 23,000 | 10,000 |
| Caillteanas/(méadú) achtúireach | (9,000) | (201,000) |
| Caillteanas/(méadú) ciorrúcháin | - | - |
| Caillteanas/(méadú) costais iarsheirbhíse | - | - |
| Dliteanais caite ar shocrúcháin | - | - |
| Dliteanais glactha i gCuallachtas gnó | - | - |
| Difríochtaí malairte ar phleananna eachtracha | - | - |
| Sochar íoctha | - | - |
| **Oibleagáid dúnta sochar sainithe** | 834,000 | 660,000 |

Sócmhainn chomhfhreagrach dar luach €834,000 (2022: €660,000) i leith méideanna is infhaighte ón Stát aitheanta.

**(c) Cistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir**

Aithníonn Gailearaí Ealaíne Crawford suimeanna ón stát don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh sochar scoir ar bhonn roinnt eachtraí roimhe seo. I measc na n-eachtraí sin tá an tacaíocht reachtúil don Scéim Aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas maidir le sochar scoir na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna sonracha leis an Roinn Airgeadais, níl aon fhianaise ag an nGailearaí nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de bheith ag freastal ar an méid sin de réir a chéile de réir an chleachtais reatha. Is mar seo a leanas a bhí an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais.

## 17 SCÉIMEANNA PINSIN - AR LEAN

**(c) Cistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir - ar lean**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir sa bhliain:** | **€** | **€** |
| Cistiú inghnóthaithe i leith na bliana reatha costais sochair scoir | 183,000 | 138,000 |
| Deontas stáit curtha i bhfeidhm ar phinsinéirí pá | - | - |
| | 183,000 | 138,000 |

B'ionann an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2023 agus €834,000 (2022: €660,000).

## 18 IDIRBHEART PÁIRTITHE GAOLMHARA / DIÚSCAIRTÍ LEASANNA

Comhlíonann Gailearaí Ealaíne Crawford Chorcaí Cód Cleachtais 2016 maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag an gCuideachta agus ag baill/foireann na Cuideachta. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun a áirithiú go gcloítear le ceanglais an Chóid. Tá nochtadh idirbheart páirtithe gaolmhara i gcomhréir le CSORP.

Ní dhearna an chuideachta aon socrú conarthacha le gnóthais ina bhfuil stiúrthóirí na cuideachta fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile. Ní raibh idirbhearta ar bith i rith na bliana ina raibh leas ábhartha ag Stiúrthóir na Cuideachta.

Nochtar príomhphearsanra bainistíochta i Nóta 3(e).

Ní fhaigheann an Bord Stiúrthóirí aon táille ná luach saothair i ndáil lena ról mar Stiúrthóirí na cuideachta.

## 19 OIBRITHE DEONACHA

Cosúil le gach carthanas, tá Gailearaí Ealaíne Crawford ag brath ar oibrithe deonacha chun an eagraíocht a reáchtáil gan stró. Tá dhá ról ag oibrithe deonacha; bíonn roinnt oibrithe deonacha ag déanamh feighlíochta sa Ghailearaí ag tacú le rannpháirtíocht cuairteoirí lenár gcláir taispeántais. Cuidíonn oibrithe deonacha eile leis an Rannóg Coimeádaíochta agus Margaíochta i dtionscadail atá bunaithe ar thaighde.

I gcomhréir leis an SORP, toisc nach bhfuil aon bhonn tomhais iontaofa ann, ní aithnítear ranníocaíocht na saorálaithe sin sna cuntais.



Ráitis Airgeadais
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
nó le haghaidh na Bliana Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 20 IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Airgeadais** | **€** | **€** |
| Sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas. | 1,648,428 | 2,088,050 |
| | 1,648,428 | 2,088,050 |
| **Dliteanais Airgeadais** | **€** | **€** |
| Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta | 283,987 | 256,587 |
| | 256,587 | 256,587 |

Is éard atá i sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas airgead sa bhanc agus ar láimh.

Cuimsíonn dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta fabhruithe, creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile

## 21 RÁITIS AIRGEADAIS A FHAOMHADH

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 12/6/2024